# Tuarascáil Bhliantúil 2017

etb

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

*Donegal Education and Training Board*












# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| Fís agus Ráiteas Misin | | 4 |
| Comhaltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 2017 | | 4 |
| Comhdhéanamh an Bhoird | | 5 |
| Réamhrá ó Chathaoirleach agus ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall | | 8 |
| Forléargas ar Sholáthar Seirbhíse | | 11 |
| Seirbhísí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus Mapa | | 12 |
| Seirbhísí a Sholáthar agus a Fhorbairt | | 15 |
| Eochairthéamaí | | 15 |
| Forléargas ar Líon na nDaoine a Úsáideann Ár Seirbhísí | | 16 |

**Eochairthéama 1 | TEAGASC AGUS FOGHLAIM**

| | | |
|---|---|---|
| Tosaíocht 1 | Cláir agus Seirbhísí Tacaíochta | 20 |
| Tosaíocht 2 | Tionscnaimh Úra | 22 |
| Tosaíocht 3 | Coincheapa Úra laistigh de Chlár na Sraithe Sóisearaí | 24 |
| Tosaíocht 4 | Scileanna Cineálacha a Fhorbairt laistigh de gach clár oideachais agus oiliúna | 25 |
| Tosaíocht 5 | Caighdeáin cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú trasna na gclár oideachais ar fad | 26 |
| Tosaíocht 6 | Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta | 30 |

**Eochairthéama 2 | EAGRAÍOCHT FHÓRASACH, CHUNTASACH**

| | | |
|---|---|---|
| Tosaíocht 7 | Struchtúir Úra Eagraíochtúla | 32 |
| Tosaíocht 8 | Riachtanais Reachtacha agus Rialachais | 33 |
| Tosaíocht 9 | Seirbhísí Oideachais & Oiliúna agus Seirbhísí Comhroinnte a Chomhtháthú | 39 |
| Tosaíocht 10 | Deiseanna Foghlama agus Tacaíochtaí do Bhaill Foirne | 42 |
| Tosaíocht 11 | Úsáid na Nuatheicneolaíochtaí le Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil a fheabhsú | 46 |
| Tosaíocht 12 | Straitéis Cumarsáide atá soiléir agus éifeachtach a fhorbairt | 47 |

# Clár an Ábhair

## Eochairthéama 3 | AG OBAIR LE COMHPHÁIRTITHE


| | | |
|---|---|---|
| Tosaíocht 13 | Ag tógáil ar chaidrimh | 49 |
| Tosaíocht 14 | Tacaíocht d'Imeachtaí a bhaineann le hObair don Óige ar fud an Chontae | 54 |
| Searmanas Bronnta Bliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall | | 57-58 |
| Lá Fiontraíochta | | 59-60 |
| Coiste Iniúchóireachta 2017 | | 61 |
| Coiste Airgeadais 2017 | | 61 |
| Liosta na Scoileanna/gColáistí/nIonad uilig | | 62-63 |

***Ár bhFís***

***‘Feabhas i seachadadh seirbhíse oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán agus foghlaimeoirlárnach.’***

***Ár Ráiteas Misin***

***‘Oideachas agus oiliúint inrochtana agus uileghabhálach a chur chun cinn, a chur ar fáil agus tacú leis, rud a chumasaíonn daoine óga agus daoine fásta barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte agus chomhbhách’.***

**Comhaltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 2017**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Regina Grant, Uasal<br>Cónaidhm na hÉireann um Míchumas | **Cathaoirleach** | | |
| Clr Niamh Kennedy | CCDnG | Clr Martin Harley | CCDnG |
| Clr John Campbell | CCDnG | An tUasal Geoffrey Browne | Ainmní Tuismitheora |
| Clr Albert Doherty | CCDnG | Bernie Mulhern, Uasal | Ainmní Tuismitheora |
| Clr Gary Doherty | CCDnG | An tUasal Noel Rodden | Ainmní Foirne |
| Clr Rena Donaghey | CCDnG | Joanne Irwin, Uasal | Ainmní Foirne |
| Clr Martin Farren | CCDnG | An tUasal Philip McGlynn | ISME |
| Clr Jimmy Kavanagh | CCDnG | An tUasal Gabriel O’Donnell | NALA |
| Clr Michael McBride | CCDnG | An tUasal Patsy McVicar | JMB/NAPD/ACCS |
| Clr Liam Blaney | CCDnG | Bernadette Ní Dhuibhir, Uasal | Foras na Gaeilge |
| Clr Martin McDermott | CCDnG | Clr John Sheamus Ó Fearraigh | CCDnG |

## Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 2017 - Comhdhéanamh

**21 Comhalta** atá i gceist sa Bhallraíocht agus toghtar iad faoi fhorálacha Alt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, .i.

(a) 12 Chomhalta arna n-ainmniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall faoi **Alt 30 1 (a)** i ndiaidh Thoghcháin na nÚdarás Áitiúil;

(b) 2 Chomhaltaí ar baill foirne iad. **Alt 30 1 (b)**Toghadh beirt Ainmnithe de chuid na foirne;

(c) 2 Chomhaltaí ar Ionadaithe Tuismitheoirí iad. **Alt 30 1 (c)** Beirt arna n-ainmniú ag Cumann Tuismitheoirí;

(d) 5 Chomhaltaí arna gceapadh de réir **Alt 30 fo-alt (11)** Tagann na Comhlachtaí Ainmniúcháin, mar atá sonraithe ag an Aire faoin Alt seo, as sainspéiseanna/sainréimsí lena n-áirítear:

Uimhir 1. Comhlachtaí atá ionadaitheach do na hearnálacha Gnó, Tionscail agus Fostóirí (ionadaí amháin)
Uimhir 2. Comhlachtaí atá ionadaitheach d'fhoghlaimeoirí (ionadaí amháin)
Uimhir 3. Comhlachtaí atá ionadaitheach do leasanna daoine a bhíonn ag gabháil do bhainistíocht nó do cheannaireacht ar scoileanna aitheanta (ionadaí amháin)
Uimhir 4. Comhlachtaí nach bhfuil sna trí chatagóir ainmnithe (beirt ionadaithe)

Cheap Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 5 Comhaltaí ó na comhlachtaí seo a leanas: ISME; NALA; JMB/NAPD/ACCS; Cónaidhm na hÉireann um Míchumas agus Foras na Gaeilge.

**Ionadaíocht/Cruinnithe**

- Cúig bliana is ea an Téarma Oifige atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.
- Tagann an Bord le chéile go rialta gach sé seachtaine. In 2017, tháinig an Bord le chéile ocht n-nuaire.
- Toghtar an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach ar bhonn bliantúil i mí Dheireadh Fómhair gach bliain.
- Ceapann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 4 dá chuid Comhaltaí nó Ionadaithe ar gach Bord Bainistíochta Scoileanna agus Coláistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar feadh théarma Oifige an Bhoird.
- Ina theannta sin ceaptar Comhaltaí nó Ionadaithe ar na Boird Bainistíochta atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall don ocht Scoil Iontaobhais atá aige, idir Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha.
- Ceaptar 4 Chomhaltaí ar Bhord Rialaithe LYIT.

Ina theannta sin, suíonn comhaltaí ar Choistí éagsúla de chuid an Bhoird, an Coiste Iniúchóireachta agus an Coiste Airgeadais go príomha.


etb


SCORE
MATCH
SCORE


etb


MULROY COLLEGE
MILFORD



# Réamhrá

Ón Phríomhfheidhmeannach agus ón Chathaoirleach

Bliain eile thart agus tuilleadh oibre déanta.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna **Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017** atá mar pháirt dá Ráiteas Straitéise 2016-2019 agus Plean DEIS i ndiaidh athbhreithniú náisiúnta ar an scéim DEIS, agus tá sé mar aidhm ag an Phlean sin an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a chruthú faoi 2026. Chuige sin, tá 400 sainghníomh beartaithe le linn 2017 agus iad grúpáilte faoi 5 sprioc:

- Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú.
- Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach.
- Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal i gcoitinne.
- Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta.

Bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall bródúil as an phairt a ghlac muid leis na spriocanna sin a bhaint amach.

**Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an soláthraí oideachais is mó sa chontae** le 26,000 scoláire agus foghlaimeoir san iomlán ag críochnú a gcuid oideachais agus oiliúna leis sa bhliain 2017.

Bainistíonn sé 15 den 27 iar-bhunscoil i gContae Dhún na nGall, Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin agus Compháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall agus tá freagrachtaí dlíthiúla air maidir le hObair don Óige. Is é an soláthraí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) is mó sa chontae é le níos mó ná 11,000 foghlaimeoir ag críochnú a gcuid cúrsaí leis sa bhliain 2017.

Tá dul chun cinn breise déanta laistigh den **tSeirbhís FET** le forbairt an tionscadail úir leis an Fhóram Réigiúnach Scileanna le naisc níos dlúithe a bhunú leis an tionscal TF i nDún na nGall trína chuid riachtanas a dheimhniú: riachtanais oideachais, riachtanais oiliúna agus riachtanais maidir le scileanna a bheidh de dhíth san am atá le teacht. D'fhreastail níos mó ná 160 ball foirne ó gach rannóg sa tseirbhís ar an Seimineár Athbhreithnithe agus Pleanála FET a reáchtáladh i Meán Fómhair. Labhair an tOllamh Kathleen Lynch ó COBÁC leis an lucht freastail faoi Chomhionannas agus Oideachas.

Nuair a tugadh isteach Céim **2 den Dearadh Eagraíochtúil** le haghaidh athchumrú na mBord Oideachais agus Oiliúna cuireadh tús le beart bailithe sonraí a chuirfidh bonn eolais faoi chinntí na ROS maidir leis an dóigh a soláthrófar foireann do Bhoird Oideachais agus Oiliúna san am atá le teacht. Tá gach Bord Oideachais agus Oiliúna ag glacadh páirte sa tionscadal sin.

Mar gheall ar athruithe breise a rinneadh ar na Boird Oideachais agus Oiliúna bunaíodh **Grúpa Reiligiúin agus Éagsúlachta Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann** agus mar POF d'fhreastail mé ar chuid de na cruinnithe sin. Tá an grúpa ag obair le dearcadh a chur le chéile ar an éiteas dár Scoileanna ionas go ndéanfar plé air ar fud na tíre agus ina theannta sin déanann sé maoirseacht ar chainteanna ar Phobalscoileanna Náisiúnta.

Bhí an Breatimeacht go mór i mbéal an phobail in 2017 agus bhí lúcháir orm, mar Phríomhfheidhmeannach, cuireadh a fháil le labhairt le Roghchoiste Speisialta an tSeanaid i mí an Mheithimh faoi imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Tá géarghá le roinnt mhaith soiléireachta agus plé ar an tsaincheist seo sa bhliain atá amach romhainn ag leibhéal idir-rialtasach.

Bhí sé galánta éisteacht leis an cheol mar pháirt den ***Big Sing***. Chuir *Cór Aon Ghutha* Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall léiriú spreagúil ar an stáitse in Amharclann an Ghrianáin, áit a raibh ár gcuid scoláirí agus foghlaimeoirí i mbun ceoil in éineacht le baill foirne ó scoileanna, ó choláistí agus ó ionaid i ngach réimse den eagraíocht le sárthaispeántas a chur ar an stáitse don phobal.

Bhí ríméad ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an **Comhsheimineár de chuid Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann** a óstáil, imeacht a thug le chéile na POFanna agus na Stiúrthóirí ón 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna sa tír. D'fhreastail tuairim is 70 Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir ón 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna ar imeacht a bhí fíor-rathúil agus bhí clúdach an-dearfach sna meáin do Ghartán, do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus don chontae ar fad. Dhírigh an seimineár ar na téamaí seo a leanas: cumarsáid, rialachas, folláine san ionad oibre, saincheisteanna reatha do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus obair foirne. Chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall Gartán os comhair an phobail mar áis Oideachais agus Oiliúna Allamuigh den chéad scoth agus ghlac toscairí páirt i ngníomhaíochtaí allamuigh faoi sholas na gréine. Chuir ár gComhpháirtíocht Oideachais Ceoil siamsaíocht ar fáil agus aithnítear an iarracht mhór a rinne an fhoireann lena chinntiú gur éirigh go geal leis an imeacht.

D'fhág muid slán le Ursula MacPherson a d'éirigh as mar Stiúrthóir ar Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin i ndiaidh 27 bliain de sheirbhís agus chuir muid fáilte roimh Ciaran O'Brien mar Stiúrthóir úr an Ionaid.

Bhí muid thar a bheith sásta gur ghlac muid páirt san obair a bhain le **Comórtas na mBailte Slachtmhara** agus gur chuir muid leis an spiorad pobail nuair a bhain Leitir Ceanainn gradam sa chomórtas. Bhí lúcháir orainn, dar ndóigh, nuair a bronnadh gradam orainn féin sa chatagóir 'Taispeántas Bláthanna' dár bPríomhoifig anseo i Leitir Ceanainn; tá an chatagóir sin mar pháirt d'Fheachtas na mBailte Slachtmhara .i. Pobail Níos Glaine.

Chuir muid deireadh spleodrach leis an bhliain ghnóthach le **Ceolchoirm Nollag DMEP** in Amharclann an Ghrianáin Dé Domhnaigh, 17 Nollaig 2017, imeacht a díoladh amach. Bhí na grúpaí seo a leanas páirteach sa cheolchoirm: Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall; Ceolfhoirne Sóisearacha ón Charraig, ó Leitir Ceanainn agus ón Chlochán Liath; an grúpa Snagcheoil *Saxtet* agus *Amhránaithe na hEaragaile*.

Mar POF, tá mise i mo chathaoirleach ar ár n**Grúpa Comhairleach Cumarsáide** atá úrbhunaithe; tá muid ag ag súil le caighdeán ár gcuid cumarsáide a fheabhsú, go hinmheánach agus go seachtrach. Tá sé tábhachtach go dtugann muid eolas do phobail Chontae Dhún na nGall agus go dtéann muid i dteagmháil leo, pobail a bhfuil muid sásta freastal orthu. I láthair na huaire tá muid ag ullmhú ár bplean oibre agus tá muid ag súil le bealaí úra agus nuálacha a úsáid le teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara.

Sa deireadh, mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach, is mian linn buíochas a ghabháil le gach duine agaibh a chuidigh agus a chuir leis an eagraíocht agus í ag iarraidh seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil fud fad an chontae.



**Anne McHugh**
**Príomhfheidhmeannach**



**Regina Grant**
**Cathaoirleach 2017**

# Forléargas


Maidir le soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí, éilíonn an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall Ráiteas Straitéise cúig bliana (tosaíochtaí, cuspóirí agus straitéisí) a ullmhú, glacadh leis agus é a fhoilsiú. Sa bhliain 2017, chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall deireadh lena Ráiteas Straitéise cúig bliana do na blianta 2017 – 2021 dar teideal "Lean ar Aghaidh". Ina theannta sin, éilítear ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, de réir na reachtaíochta, glacadh le Plean Seirbhíse Bliantúil (seirbhísí atá beartaithe mar aon le hioncam agus caiteachas measta) agus é a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Sa deireadh, éilítear ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú agus tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a chuid feidhmeanna.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall freagrach don Roinn Oideachais & Scileanna go príomha i dtaca lena chláir oideachais dara leibhéal a chur ar fáil agus, trí SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais & Oiliúna, maidir le réimse leathan Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) a chur ar fáil.
Déanann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall Comhaontú Seirbhíse bliantúil (CS/SLA) le SOLAS, ag leagan amach a chuid spriocanna oiliúna agus gealltanais.

Tá na hOifigí Riaracháin lárnach in obair Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus feidhmíonn siad mar an croílár le haghaidh na Scoileanna agus na nIonad uilig de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Seachadtar na feidhmeanna riaracháin trí struchtúr trí shnáithe, a bhfuil Seirbhísí Corparáideacha (Comhlíonadh, Sláinte agus Sábháilteacht, Soláthar agus *Bainistíocht Eastát*), Acmhainní Daonna agus TF/Airgeadas mar pháirt de.

Tá Príomhoidí agus Bainisteoirí ár gcuid Scoileanna agus Ionad freagrach as iad a bhainistiú ó lá go lá agus as a gcuid oibríochtaí. Tá 21 Chomhalta ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall; áiríonn sé sin Comhaltaí de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall agus comhaltaí de chuid na gcomhlachtaí faofa mar atá sonraithe ag an Aire. Tagann an Bord le chéile gach sé seachtaine.

## Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall na Seirbhísí seo a leanas ar fáil




- Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall Oideachas Dara Leibhéal ar fáil i gCúig Scoil agus Coláiste déag (tá dhá cheann acu sin ina nGaelcholáistí agus trí cinn acu ina Scoileanna Gaeltachta) agus ina dhá Scoil Oileáin ar Árainn Mhór agus Toraigh.

- Tá 17 sainlonad ag an tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) atá lonnaithe sna háiteanna seo a leanas: Gort a' Choirce, Gaoth Dobhair, Bun Cranncha, Gleann Gad, Baile Dhún na nGall (Ardscoil agus *Drumcliff*), Leitir Ceanainn (Baile Raithin, Bóthar Chill Mhic Réanáin agus Ard Uí Dhomhnaill), Béal Átha Seanaidh, Baile na nGallóglach, Cumasóige Leifir, Cumasóige Bhun Cranncha agus Gleann na Finne. Cuirtear Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) ar fáil i dtrí Scoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall: Coláiste na hEaragaile, Gairmscoil Caitríona, na Cealla Beaga agus Coláiste Ghleann na Finne. Oibríonn an tSeirbhís FET i gcomhar le 140+ comhlacht pobail, deonach, reachtúil agus príobháideach lena cuid clár a chur ar fáil ar fud an chontae.

- Tá áiseanna tacaíochta cúraim leanaí suite i dtrí *Crèche* atá ceangailte leis na hlonaid FET i mBaile na nGallóglach, i Leitir Ceanainn agus i mBun Cranncha, (druideadh an áis i nGort an Choirce sa bhliain 2017). Ofrálann an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh eolas neamhchlaonta agus rúnda, comhairle, treoir agus comhairleoireacht do dhaoine fásta ar na roghanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus in áiteacha eile. Éascaíonn Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin Oideachas agus Oiliúint Allamuigh; tá áiseanna go leor ag an Ionad ar an eastát 87 acra atá aige.

- Cuireann Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall teagasc ceoil ar fáil do dhaltaí bunscoile agus meánscoile ar fud an chontae; áiríonn an teagasc sin an guth agus réimse leathan uirlisí. Tá 11 thaibhghrúpa ag an DMEP fosta, ar a n-áirítear Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall.

- Cúrsaí Léinn maidir le Drúgaí agus Alcóil a chur ar fáil i gcomhar le hOllscoil Luimnigh do chontaetha Dhún na nGall, Liatroma agus Shligigh trína Chomhordaitheoir atá lonnaithe in oifigí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

- Cúig Chlár Críochnaithe Scolaíochta faoi choimirce TUSLA, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus an Clár Teagmhála Baile agus Scoile.

- Oibleagáidí agus freagrachtaí maidir le Cláir a sholáthar a bhaineann le Seirbhísí Oibre don Óige ar fud an Chontae faoin Acht um Obair don Aos Óg agus Oifigeach Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

- Obair i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus leis an Choiste um Sheirbhísí do Pháistí agus do Dhaoine Óga le straitéisí a fhorbairt don Chontae.




**School Map – Clockwise from Moville**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Moville Community College | Moville |
| 2. | Crana College | Buncrana |
| 3. | Coláiste Chineál Eoghain | Buncrana |
| 4. | Coláiste Ailigh | Letterkenny |
| 5. | Errigal College | Letterkenny |
| 6. | Deele College | Raphoe |
| 7. | Finn Valley College | Stranorlar |
| 8. | Gairmscoil Chú Uladh | Béal an Átha Móir |
| 9. | Abbey Vocational School | Donegal Town |
| 10. | Magh Éne College | Bundoran |
| 11. | St. Catherine's Vocational School | Killybegs |
| 12. | Coláiste na Carraige | An Charraig |
| 13. | Gairmscoil Mhic Diarmada | Oileán Árainn Mhóir |
| 14. | Coláiste Phobail Cholmcille | Oileán Thoraí |
| 15. | Mulroy College | Milford |

**FET Centres - Clockwise from Glengad**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Youthreach Centre | Glengad |
| 2. | AETC Buncrana | Buncrana |
| 3. | Youthreach Centre | Buncrana |
| 4. | AETC Letterkenny | Letterkenny |
| 5. | Errigal College (PLCs) | Letterkenny |
| 6. | Training Centre Letterkenny | Letterkenny |
| 7. | Youthreach Centre | Letterkenny |
| 8. | Youthreach Centre | Lifford |
| 9. | Finn Valley Centre for Education | Stranorlar |
| 10. | Finn Valley College (PLCs) | Stranorlar |
| 11. | AETC Donegal Town | Donegal Town |
| 12. | Ard Scoil na gCeithre Máistrí | Donegal Town |
| 13. | AETC Ballyshannon | Ballyshannon |
| 14. | Training Centre Gweedore | Gaoth Dobhair |
| 15. | St Catherine's Vocational School (PLCs) | Killybegs |
| 16. | AETC Gortahork | Gort a'Choirce |
| 17. | AETC Milford | Milford |








I KNOW WHAT YOU DID LAST CHRISTMAS
North West
Simon
Community
Please Support
Working to prevent homelessness in Sligo, Leitrim & Donegal


etb





# Seirbhísí a Sholáthar agus a Fhorbairt

D'eascair an Ráiteas Straitéise as na forálacha in Ailt 9 agus 30 den Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001, a chuireann de dhualgas ar an Phríomhfheidhmeannach Plean Oideachais cúig bliana a dhréachtú don eagraíocht. Faoi fhorálacha na reachtaíochta nua, an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, cuireadh Ráiteas Straitéise úr le chéile in 2017; clúdaíonn sé na dúshláin úra atá ann don Bhord Oideachais agus Oiliúna don tréimhse cúig bliana 2017-2021.

Sheol Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a Ráiteas Straitéise 2017-2021, *Lean ar Aghaidh* i mí na Nollag 2017. Leagann an Straitéis amach Misean an Bhoird Oideachais agus Oiliúna thar an chéad chúig bliana eile "Oideachas agus oiliúint inrochtana agus uileghabhálach a chur chun cinn, a chur ar fáil agus tacú leis, rud a chumasaíonn daoine óga agus daoine fásta barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte agus chomhbhách.' Cuirfidh cur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise bonn eolais faoi obair an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus déanfaidh Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall monatóireacht air sin.

Is féidir an Ráiteas Straitéise a léamh ar rannán na bhFoilseachán ar láithreán gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ag https://www.donegaletb.ie/corporate/publications/

Eochairthéamaí:

1. Teagasc agus Foghlaim


2. Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach

3. Ag Obair le Comhpháirtithe

## Forléargas ar Líon na nDaoine a Úsáideann Ár Seirbhísí 2017


**Líon iomlán Foghlaimeoirí in 2017 de réir Earnála:**

| | |
|---|---|
| Scoileanna Dara Leibhéal | 5,135 |
| Breisoideachas & Oiliúint | 11,215 |
| Ionad Oideachais Allamuigh Ghartáin | 7,913 |
| Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil | 1,414 |
| **IOMLÁN** | **25,677** |




## Líon na nDaltaí ar Rollaí i Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal 2017/18

| | |
|---|---|
| Teastas Sóisearach | 2,271 |
| Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh | 434 |
| Clár na hIdirbhliana | 563 |
| Ardteistiméireacht | 444 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | 138 |
| Gairmchlár na hArdteistiméireachta | 1,063 |
| Athscrúdú na hArdteistiméireachta | 19 |
| Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) | 203 |
| **IOMLÁN** | **5,135** |



## Líon na Scoláirí ar Rollaí do Chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna 2017

| | |
|---|---|
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | 615 |
| Bunoideachas | 2,133 |
| ITTC | 41 |
| Seirbhísí Oiliúna | 1,800 |
| Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais | 180 |
| Cumasóige | 160 |
| Oideachas Pobail | 4,964 |
| Cláir Ranganna Oíche | 300 |
| Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta | 334 |
| Treoir d'Fhoghlaimeoirí Fásta | 688 |
| **IOMLÁN** | **11,215** |














etb
lyit
Letterkenny Institute of Technology Co Donegal
etb

Teagasc agus Foghlaim

## EOCHAIRTHÉAMA 1

### TOSAÍOCHT 1 | Cláir agus Seirbhísí Tacaíochta

Cláir oideachais agus oiliúna a thairiscint le seirbhísí tacaíochta laistigh de thimpeallachtaí teagaisc agus foghlama agus go bhfeastalaíonn na cláir sin ar riachtanais na ndaoine aonair, na sochaí agus an gheilleagair, riachtanais atá ag athrú go gasta.

TORADH

- Cuirtear cláir oideachais fhreagrúla ar fáil i ngach scoil, coláiste agus ionad laistigh de thimpeallachtaí teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán.

  Le linn 2017, tugadh an deis do dhaltaí sna 15 Scoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall páirt a ghlacadh i réimse clár oideachais a bhí ar fáil:

  - Sraith Shóisearach
  - Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
  - Clár na hIdirbhliana
  - An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
  - Gairmchlár na hArdteistiméireachta
  - Ardteistiméireacht (traidisiúnta)
  - Cláir Iar-Ardteistiméireachta

- In 2017 d'eisigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochta Éireann (QQI) 5100 teastas d'Fhoghlaimeoirí FET i 19 n-ionad i nDún na nGall, .i. Fuair 646 mórdhámhachtainí, fuair 3985 comhdhámhachtainí agus fuair 469 dámhachtainí sainchuspóireacha. Bronnadh roinnt mhaith teastas tionsclaíochta & díoltóra fosta.

- Fócas amháin den Chlár Forbartha úr in 2017 ná tabhairt isteach na gCúrsaí Oiliúna Gairme. Tá socrúcháin oibre mar pháirt shuntasach de na cúrsaí sin agus tá fostóirí páirteach iontu fosta maidir le hábhar na gcúrsaí agus an struchtúr seachadta a aontú; tá sé sin amhlaidh lena chinntiú go mbeidh foghlaimeoirí níos infhostaithe mar gheall ar a gCúrsa Oiliúna. Forbraíodh Cúrsa Oiliúna úr d'Oibrithe Tógála le Ticéidí i gcomhar le Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CFT) agus cuireadh ar fáil faoi dhó é i Leitir Ceanainn. Reáchtáladh Cúrsa Oiliúna Díolachán Digiteach & Margaíochta ar bhonn píolótach agus cuireadh tús le hobair forbartha ar Chúrsaí Oiliúna sna réimsí seo a leanas: Oibríochtaí Fáilteachais, Oibríochtaí Innealtóireachta agus Uath-thastáil Bogearraí.

- Reáchtáil Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall tionscadal píolótach i gcomhar leis na Fórsaí Cosanta in 2016 maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL) le réamhscileanna phearsanra de chuid na bhFórsaí Cosanta a chreidiúnú. Cuireadh leis an tionscadal sin in 2017 agus rinneadh tionscadal náisiúnta de – TOBAR – le 10 mBord Oideachais agus Oiliúna ag glacadh páirte ann.

- Thug foghlaimeoirí ó na Cúrsaí Gairneoireachta NFQ L3 & L4 ar fud an chontae cuairt ar an Chúrsa Gairneoireachta NFQ L5 in Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn le hamharc ar na gairdíní fairsinge, aithne a chur ar fhoghlaimeoirí eile agus cloisteáil faoi roghanna dul chun cinn dóibh féin.

- Fuair an foghlaimeoir FET, Joanne McKenna, aitheantas domhanda dá héacht san Fheidhmchlár Tástála Bogearraí atá creidiúnaithe ag *City & Guilds*. Bhain sí ceann de na trí Bhonn um Fheabhas a bronnadh in Éirinn in 2017, mar aon leis an *City & Guilds Lion Award,* gradam a bhfuil an-tóir air, a bronnadh ag searmanas i Londain. Tá Joanne fostaithe ag Firecloud 365 faoi láthair.

- Leanadh ar aghaidh le cláir phrintíseachta (Céim 2) a chur ar fáil in Ionaid Oiliúna i Leitir Ceanainn agus i nGaoth Dobhair i réimsí ar nós: Slándáil Leictreonach, Meicnic Mhótair, Pluiméireacht agus Leictreach.

- D'eagraigh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall clár imeachtaí le feasacht a ardú i measc an phobail faoin réimse leathan deiseanna Breisoideachais agus Oiliúna is féidir leis a chur ar fáil ar fud an chontae le linn na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme (*#EuropeanVocationalSkills*), imeacht a bhfuil sé mar aidhm aici tarraingteacht agus íomhá an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fheabhsú agus le feabhas agus caighdeán a chur os comhair an phobail agus feasacht a ardú faoin réimse leathan deiseanna.

- Bhronn Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann boinn 'Ardghnóthachtálaí' ar cheathrar scoláirí ceoil de chuid Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall don bhliain 2017. Sheinn an pianódóir Shaun Fletcher, arb as Bun Cranncha dó agus a bhfuil Edita Labanauskiene mar mhúinteoir ceoil aige, ag ceolchoirm Ardghnóthachtálaithe RIAM i Sligeach i Samhain 2017. Ar an iomlán, d'éirigh le níos mó ná 200 scoláire de chuid DMEP i scrúduithe ceoil, go príomha le RIAM agus *Trinity College London*; d'éirigh le roinnt mhaith acu pas le gradam nó pas le moladh a fháil.

# TOSAÍOCHT 2 | Tionscnaimh Úra

Na tionscnaimh úra a bhaineann le Ceannaireacht Teagaisc (CT/IL), Cleachtais Athchóirithe, Comhoibriú Múinteoirí, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT/TEL), Ionduchtú agus Monatóireacht a chomhtháthú in eochairchláir.

## TORADH

Caighdeáin fheabhsaithe i dTeagasc agus Foghlaim i Scoileanna, Coláistí agus Ionaid.

- Rinneadh réimse leathan tionscnamh a leabú níos doimhne inár scoileanna agus chuir na tionscnaimh sin go mór le teagasc agus foghlaim fheabhsaithe. Ba é an leathnú breise ar an Chlár Ceannaireachta Teagaisc an tionscnamh ba thábhachtaí. Cuidíonn an clár sin leis na nithe seo a leanas a fhorbairt: piarfhoghlaim; ag teagasc trí obair ghrúpa éifeachtach a úsáid; ceistiú éifeachtach; intinní foghlama agus critéir ratha a nascadh a theagasc agus réimse straitéisí teagaisc agus foghlama.

- Forbraíodh Plean Gníomhaíochta maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) agus cuireadh faoi bhráid SOLAS é.

- Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall d'úsáid na gCleachtas Athchóirithe a chur chun cinn ina chuid scoileanna agus ionad mar mhodh le caidrimh a bhainistiú trí chomhairle a chur ar fáil faoi oiliúint do bhaill foirne, do scoláirí agus d'fhoghlaimeoirí agus trí shainrannán a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin ar a bhfuil acmhainní agus naisc úsáideacha. Tá Cleachtais Athchóirithe leabaithe sna cóid iompair atá ag roinnt mhaith scoileanna agus ionad.

- Cheannaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall meaisín táthúcháin réaltachta fíorúla breisithe le húsáid ar a Chúrsaí Táthúcháin, an chéad Bhord Oideachais agus Oiliúna le déanamh amhlaidh, agus tá sé mar cheannródaí anois i dtaca le húsáid na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) sa seomra ranga. Tairgtear ranganna lae lánaimseartha agus ranganna oíche páirtaimseartha faoi gach gné den táthúchán do dhaoine fostaithe agus dífhostaithe agus tá deiseanna maithe fostaíochta ann do chéimithe na gclár sin.

- Bhí foghlaimeoirí Chumasóige Bhun Cranncha páirteach sa chlár náisiúnta athbhreithnithe *Mind Out* (meabhairshláinte dhearfach) a reáchtáil ar bhonn píolótach agus scannánaíodh iar mar pháirt d'fhíseán foghlama náisiúnta a rinne Scannánóirí Óga Éireannacha thar ceann FSS. Scannánaíodh foghlaimeoirí Chumasóige Bhaile Átha Seanaidh faoi choinne cheiliúradh breithlae Chiste Sóisialta na hEorpa, ar a 60ú bliain.

- Bhí obair bhreise ann maidir le pleanáil churaclaim a chur chun cinn trí chruthú ábhair i measc grúpa múinteoirí sna hábhair seo a leanas: Béarla; Gnó agus Eolaíocht ag an tSraith Shóisearach.


MENTAL HEALTH WEEK
#MyWee5

MENTAL HEALTH WEEK
#MyWee5
JONES

MULROY COLLEGE
19



**TOSAÍOCHT 3 | Coincheapa Úra laistigh de Chlár na Sraithe Sóisearaí**

Glacadh leis na coincheapa úra i gClár úr na Sraithe Sóisearaí inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionad.

**TORADH**

Beidh scoláirí a bhfuil níos mó muiníne agus scileanna foghlama neamhspleácha acu ábalta staidéar a dhéanamh ar na hábhair atá leagtha síos agus ar ghearrchúrsaí cuí.

Mar pháirt de thabhairt isteach Chlár úr na Sraithe Sóisearaí bhí níos mó béime ar na réimsí atá liostaithe thíos:

- **8 nEochairscil na Sraithe Sóisearaí a Sheachadadh**
  - Litearthacht
  - Uimhearthacht
  - Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú
  - Mé Féin a Bhainistiú
  - A Bheith Cruthaitheach
  - Cumarsáid
  - Fanacht Folláin
  - Obair le Daoine Eile
- **Gnéithe Folláine a Chur Chun Cinn**
  - Cultúr na Scoile
  - Caidrimh
  - Curaclam
  - Polasaí agus Pleanáil
- **Feasacht a Chruthú ar Tháscairí Folláine**
  - Gníomhach
  - Freagrach
  - Bainteach
  - Acmhainneach
  - Tá meas air/uirthi
  - Feasach
- **Foghlaim**
  - Intinní Foghlama agus Critéir Ratha
  - Ceistiú
  - Aiseolas Foirmitheach
  - Scoláirí ag Machnamh ar a gcuid foghlama féin

**TOSAÍOCHT 4 | Scileanna Cineálacha a Fhorbairt**

Forbairt na scileanna cineálacha (litearthacht, uimhearthacht, scileanna idirphearsanta, srl.) a chomhtháthú laistigh de gach clár oideachais agus oiliúna.

**TORADH**

Tá buíon foirne ag tacú le scileanna cineálacha a chomhtháthú i gcláir oideachais.

- Cuireadh tacaíocht litearthachta agus uimhearthachta ar fáil d'fhoghlaimeoirí sna hIonaid Oiliúna i Leitir Ceanainn agus i nGaoth Dobhair; cuidíonn an tOibrí Tacaíocha go díreach le foghlaimeoirí agus téann sé i gcomhairle le teagascóirí/oiliúnóirí maidir le litearthacht a chomhtháthú ina seachadadh féin. Cuireadh lámhleabhar úr faoi Scileanna Staidéir ar fáil do gach printíseach agus do gach duine faoi oiliúint.

- Úsáidtear *Skills' Checker*, uirlis scagtha arna forbairt ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, mar pháirt den phróiseas iarratais lena chinntiú go gcuirtear foghlaimeoirí a dhéanann cúrsaí FET ar an chúrsa cheart agus ag an leibhéal chuí.

- Tá ábhair agus acmhainní ag tacú le seachadadh na gcúrsaí FET ag NFQ L1-L3 lena chinntiú go bhfuil comhthéacsú déanta ar an fhoghlaim ar bhealach atá fiúntach. Forbraíodh lámhleabhar tacaíochta, *Computer Operated Wizard (COW),* d'fheirmeoirí a dhéanann cúrsa a bhfuil sé mar aidhm aige cuidiú leo.

- Chuidigh an bhéim ar Fhéinmheastóireacht Scoile leis an choincheap a bhaineann le comhtháthú scileanna cineálacha i ngach timpeallacht teagaisc agus foghlama inár scoileanna a leabú agus chuidigh sé le béim a leagan air. Eagraíodh roinnt mhaith tionscnamh litearthachta agus uimhearthachta scoile-uile do gach scoláire.

- Chuir an tSamhail Leithdháilte úr maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais leibhéal níos mó neamhspleáchais ar fáil dár Scoileanna maidir leis an dóigh le tacaíocht teagaisc bhreise a bhainistiú agus a úsáid laistigh den scoil, bunaithe ar riachtanais foghlama aonair na ndaltaí, seachas bheith bunaithe go príomha ar dhiagnóis míchumais. Chinntigh an tsamhail leithdháilte úr go raibh níos mó cinnteachta ag scoileanna maidir leis na hacmhainní a bhí ar fáil dóibh le teagasc breise a chur ar fail le tacú le cuimsiú na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ar bhonn leanúnach.

**TOSAÍOCHT 5 | Caighdeáin cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú trasna na gclár oideachais ar fad**

Caighdeáin cháilíochta a choinneáil agus a fheabhsú trasna na gclár oideachais ar fad atá againn.

**TORADH**

Tá creataí Dearbhaithe Cáilíochta i bhfeidhm do gach clár atá á thairiscint ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

- Lean an tSeirbhís Breisoideachais & Oiliúna (FET) dá córais Dearbhaithe Cáilíochta a chomhtháthú. Úsáideadh próisis láraithe fíordheimhniúcháin do gach clár Cúraim Leanaí, Cúraim Sláinte agus Obair don Óige agus reáchtáladh comh-Phainéil Faofa Torthaí.

- Mar pháirt den phróiseas ateagmhála le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), reáchtáladh cruinnithe idirphlé idir Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus QQI; cuireadh Tuairisc Feidhmiúcháin Féinmheastóireachta agus Plean Feabhsúcháin Cáilíochta faoi bhráid QQI i mí na Nollag 2017.

- Lean an Clár Cumasóige de cháilíocht a chuid oibre a dhearbhú tríd an phróiseas Creat Cáilíochta na Cumasóige. Chríochnaigh gach ceann de na sé Ionad (Baile Átha Seanaidh, Bun Cranncha/Gleann Gad, Gort an Choirce, Leitir Ceanainn agus Leifear) Plean Meastóireachta agus Feabhsúcháin Ionaid (CEIP) in 2017 don bhliain acadúil 2017-2018. Mar pháirt den obair sin reáchtáladh seisiún éascaithe dhá lá a dhírigh ar aon chaighdeán cáilíochta agus tríocha don Chlár Cumasóige.

- Cuireadh tús le córas le gach Forbairt Ghairmiúil a rinne baill foirne FET a thaifeadadh, rud a chinnteoidh go n-aithneofar bearnaí i bhforbairt scileanna agus go dtabharfar aghaidh orthu le himeacht ama.

- Rinne an Chigireacht ón Roinn Oideachais agus Scileanna cigireachtaí rialta ar ár gcuid scoileanna; rinneadh mórchigearachtaí (Meastóireacht ar an Scoil Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim) i gColáiste na Maoile Rua agus Coláiste Ailigh. Rinneadh roinnt cigireachtaí teagmhasacha agus Cigireachtaí Ábhair fosta. Tá scoileanna ag déanamh a ndícheall lena chinntiú go bhfuil cleachtas éifeachtach á léiriú i ngach ceann de na réimsí atá aitheanta mar atá: Teagasc agus Foghlaim agus Bainistíocht agus Ceannaireacht.

Cigireachtaí na Roinne Oideachais agus Scileanna 2017:-

| Scoil | Cigireacht |
|---|---|
| Coláiste na Maoile Rua | 07/03/17 |
| Coláiste Ailigh | 21/06/17 |

- De bharr gur lean Seirbhísí Síceolaíochta de bheith ag freastal ar chúrsaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) chuir sé sin leis na caighdeáin laistigh den tseirbhís a choinneáil agus a fheabhsú.

## Clár Forbartha Caipitil

Seo a leanas achoimre ghearr ar chuid de na Buaicphointí/Forbairtí sa Chlár Forbartha Caipitil le linn na bliana 2017.

## MÓRTHIONSCADAIL

**Suíomh a fháil faoi choinne Campais i mBun Cranncha.**
Lean an Roinn Oideachais agus Scileanna, i gcomhairle le Comhairle Contae Dhún na nGall, dá cuid oibre maidir le suíomh oiriúnach a aithint agus seilbh a fháil air don Fhorbairt Champais atá beartaithe i mBun Cranncha. Dar leis an eolas is deireanaí a chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil i dtreo dheireadh 2017 go raibh sé ag leanúint de dhul i gcomhairle le hOifigigh de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall agus é mar aidhm aici na céimeanna is oiriúnaí a shocrú leis an phróiseas fála suímh a chur i gcrích i gceart chomh luath agus is féidir.

**Coláiste Pobail Bhun an Phobail – Mórthionscadal Sínithe (4,792m2)**
I ndiaidh comórtas soláthair, ceapadh Foireann Deartha le maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal seo. Reáchtáladh cruinniú tionscnaimh na Foirne Deartha i mí na Bealtaine agus táthar ag súil le go nglanfaidh an tionscadal Céim 1 den Phróiseas Deartha (Réamhdhearadh) faoi dheireadh na bliana.

**Coláiste na hEaragaile Leitir Ceanainn – Tionscadal Sínithe**
Cuireadh iarratais bhreise chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna go foirmiúil le linn 2017 maidir le cuairt suímh a dhéanamh agus é mar aidhm aici tuairisc foirmlithe ghearr a dhréachtú. Tá gach cuma ar an scéal go dtarlóidh an chuairt sin go luath in 2018

**Gairmscoil na Mainistreach – Iarratas ar Mhór-athchóiriú (FOIRM SLE)**
Cuireadh iarratas ar Mhór-athchoiriú chuig an ROS go mall sa bhliain 2016. Seoladh meabhrúcháin/iarratais bhreise chuig an ROS le linn 2017 ag iarraidh go mbeadh an tionscadal sin san áireamh i Mórchlár Caipitil na ROS. Rinneadh Tuairisc iomlán maidir le Staid an Fhoirgnimh go mall in 2017 le béim a leagan ar an mhéid oibre atá de dhíth.

## TIONSCADAIL BHREISE MAIDIR LE CÓIRÍOCHT SCOILE (ASA)

**Tionscadail atá á nDearadh/ar an suíomh**

- **Gairmscoil na Mainistreach - Cóiríocht ASD -** Foireann Deartha ceaptha go luath in 2017 – Luathscéimeanna sceitse curtha chuig ROS le faomhadh a fháil i mí an Mheithimh 2017 as siocair go raibh achar/spás breise i gceist. Tuairisc Chéim 1/2a na Foirne Deartha curtha chuig an ROS i mí na Nollag 2017.

- **Coláiste Cranncha, Bun Cranncha 2 x Seomra Ranga Réamhdhéanta a chur ar fail** – Bhí seomraí ranga breise de dhíth le freastal ar an rollú méadaithe ag an scoil. Ar an drochuair, diúltaíodh Cead Pleanála a thabhairt do na seomraí ranga breise, rud a stad an tionscadal. Déanfar athbhreithniú ar riachtanais chóiríochta go luath in 2018.

- ***Deele College*, Ráth Bhoth – Seomra Miotalóireachta a thógail agus athchóiriú a dhéanamh ar an seomra reatha** - Foireann Deartha ceaptha go luath in 2017 – réamhscéim sceitse agus iarratas ar achar breise curtha chuig an ROS.

- **Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhóir:** - Síneadh ar an Seomra Teicneolaíochta/Adhmadóireachta reatha – Ghlac an ROS le tuairisc Chéim 1/2a - Cead Pleanála/Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán/Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.

### SCÉIM OIBRE SAMHRAIDH 2016/2017

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna an **dara babhta de thionscadail** a faomhadh faoin scéim seo i bpreaseisiúint bhreise dar dáta 3 Bealtaine 2017. Bronnadh maoiniú ar thrí scoil faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le haghaidh tionscadail Mheicniúla, Leithreas agus Dín. Clúdaíonn an dá bhabhta de thionscadail a fógraíodh go dtí seo tionscadail i gCatagóirí 1—6 san áireamh. Táthar ag súil le go ndéanfar fógra breise maidir leis na tionscadail eile atá fanta faoi Chatagóirí 7 – 10 san áireamh sna míonna atá le teacht.

## SCÉIM DEONTAIS UM OIBREACHA ÉIGEANDÁLA 2017

Ceadaíodh maoiniú do na scoileanna agus coláistí seo a leanas faoi chúram Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall faoin scéim thuasluaite mar atá:

| Ainm na Scoile | Cur Síos ar an Tionscadal | Tosaíocht/Catagóir |
|---|---|---|
| Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth | Uasghrádú Eastarraingthe Deannaigh | N / B |
| Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir | Athchumrú ar an Leithreas reatha do Dhaoine faoi Mhíchumas | N / B |
| Coláiste Pobail Bhun an Phobail | Deisiúcháin ar Sheomraí Ranga Réamhdhéanta | N / B |
| Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach | Feabhsúcháin ar Rochtain do Chách | N / B |

## TIONSCADAIL BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

## TIONSCADAIL CHAIPITIL

**Síneadh ar Cheardlanna Pluiméireachta agus Leictreacha - Ionad Oiliúna Bhaile Raithin**
Chuir SOLAS maoiniú ar fáil ina Leithdháileadh Caipitil tosaigh le spás breise stórála a thógail do na ceardlanna Pluiméireachta agus Leictreacha. Ina theannta sin cuirfidh an tionscadal stóras ar fáil ar an chéad urlár le haghaidh taifead/cartlann, stóras a bhfuil géarghá leis. Cuireadh tús leis an tionscadal go mall in 2017 agus tá sé beartaithe a bheith críochnaithe in earrach 2018.

### OIBREACHA COTHABHÁLA AR IONAID BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall dá chlár maidir le tionscadail mhionscála athchóirithe/chothabhála ag roinnt Ionad Breisoideachais agus Oiliúna ar fud an chontae. Rinneadh na hoibreacha mionscála sin le maoiniú a cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna trí SOLAS agus is sruth an-tábhachtach maoinithe é sin anois mar go n-aithníonn sé an gá lenár nIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna a chothabháil ar bhonn leanúnach, Ionaid nach bhfuil an rogha acu iarratas a chur isteach le haghaidh maoinithe faoi scéimeanna maoinithe caipitil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Scéimeanna deontais um Oibreacha Samhraidh/Oibreacha Éigeandála.

## TOSAÍOCHT 6 | Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta

Páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta (4 Scoil) trí chur le húsáid agus le caomhnú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil.

### TORADH

Forbraítear Plean Gníomhaíochta Feabhsúcháin a leagann amach an dóigh a bhfuil sé ar intinn ag an scoil na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh.

Mar pháirt de na pleananna gníomhaíochta a d'fhorbair na 4 scoil aitheanta i mBord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, leagadh béim ar na saincheisteanna seo a leanas mar pháirt den phlean maidir le critéir theangabhunaithe a chur chun cinn le haghaidh aitheantais mar iar-bhunscoil Ghaeltachta.

- Fáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile, a leathnú de réir mar a ghluaiseann an scoil i dtreo cur chuige lántumtha
- Eispéiris oideachasúla ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na scoláirí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
- Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: a leagfaidh amach cén dóigh a gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, scoláirí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge le feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an phróiseas féinmheastóireachta scoile (SSE).
- Sonraíocht T1 don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach i Scoileanna Gaeltachta agus T2 i scoileanna eile
- Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile seachas Béarla agus teangacha eile
- Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge
- Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an phobal áitiúil agus le páirtithe eile








Donegal ETB Administrative Office
- Workplace Wellbeing


Coláiste na Carraige
PHEEW

# EOCHAIRTHÉAMA 2

**TOSAÍOCHT 7 | Struchtúir Úra Eagraíochtúla**

Na Struchtúir úra Eagraíochtúla a chur i bhfeidhm le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a chumasú le feidhmeanna úra agus feabhsaithe a chur i gcrích.

**TORADH**

- Eagraíocht atá ábalta seirbhís a chur ar fáil a bhaineann le feidhmeanna úra agus feabhsaithe do Bhoird Oideachais agus Oilúna a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus riarachán.

- Cuireadh cás gnó ina bhfuil *Achoimre* ar *Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall* agus na tosaíochtaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu i gCéim 2 den Struchtúr Eagraíochtúil úr, faoi na trí Phost Stiúrthóra, chuig Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus ar aghaidh chuig ROS. Cuireadh Páipéar Seasaimh Achoimre Earnálaí de chuid *Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann* faoi bhráid na Roinne fosta.

- Go dtí go ndéanfar dul chun cinn ar an ábhar thuasluaite agus go dtí go gcuirfear i bhfeidhm Seirbhísí Comhroinnte Párolla agus Airgeadais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna, bhí an Roinn sásta cead a thabhairt le poist shinsearacha fholmha Chléireachais agus Riaracháin a líonadh, poist a tháinig chun cinn mar gheall go bhfuair daoine ardú céime agus gur éirigh daoine as in 2016 agus in 2017, mar aon le haon fholúntas iarmhartach a thagann chun cinn, ar bhonn gníomhach. Comhlánaíodh Teimpléid Bhailithe Sonraí ar líon agus leibhéil na mBall Foirne de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna nach múinteoirí iad agus cuireadh na teimpléid sin faoi bhráid na Roinne.

- Bhí cruinnithe rialta ag na trí (3) Fhóram Stiúrthóirí, Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD), Scoileanna agus Breisoideachas agus Oiliúint (FET), fóraim a bunaíodh faoi scáth Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann go mall in 2016 le bheith freagrach d'Fhóram na bPríomhfheidhmeannach, agus d'aontaigh siad straitéisí agus struchtúir tuairiscithe líonra do chatagóirí éagsúla Fheidhmeanna Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus é mar aidhm acu dea-chleachtas seasmhach bunaithe ar pholasaí a fhás agus a fhorbairt ar fud na hearnála.

- Ina theannta sin bunaíodh Grúpa Inmheánach POF agus Stiúrthóirí, Fóram Feidhmiúcháin (DOSD), Grúpa Príomhóidí Scoileanna Dara Leibhéal (Stiúrthóir Scoileanna), Grúpa Bainisteoirí FET agus Foirne Comhordaitheoirí FET laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus tháinig siad le chéile ar bhonn rialta lena réimsí freagrachta féin a bhainistiú agus a chomhordú.

- Bunaíodh Grúpa Maoinithe agus Pleanála Breisoideachais & Oiliúna (FET) fosta le maoirseacht a dhéanamh ar na hIarratais agus Tuairisceáin Mhaoinithe agus Leithdháiltí (FARR) chuig SOLAS agus na hÉilimh ESF agus Tuairisceáin sonraí rannphháirtithe faoi PEIL ar an chóras E-Cohesion.

- De réir mar a forbraíodh agus a feabhsaíodh an Córas Tacaíochta Foghlaimeora (PLSS) ar bhonn náisiúnta, cuireadh breis acmhainní foirne agus breis oiliúna foirne ar fáil do bhaill foirne FET ar bhonn áitiúil.

- Lean an Grúpa Oibre um Dearbhú Cáilíochta FET de na córais éagsúla Dearbhaithe Cáilíochta trasna na seirbhíse FET a shioncronú.

## TOSAÍOCHT 8 | Riachtanais Reachtaigh agus Rialachais

Athbhreithniú leanúnach ar na riachtanais reachtacha /rialachais a bhaineann le hoibríochtaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus a chinntiú go gcuirfear na torthaí i bhfeidhm.

## TORADH

Lánchomhlíonadh gach riachtanais reachtaigh agus rialachais a bhaineann le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall de bheith eolach ar a chuid ceanglas reachtach agus rialachais agus chuir sé i bhfeidhm gach beart riachtanach ag a chruinnithe Boird agus cruinnithe gaolmhara dá Choistí Iniúchóireachta agus Airgeadais, Boird Bainistíochta Scoileanna agus a Choiste um Obair don Óige lena chinntiú go mbeadh comhlíonadh leanúnach ann leis an Chód Cleachtais ar glacadh leis maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (CL 0018/2015).

Go sonrach, d'áirigh sé sin na nithe seo a leanas:

### Coiste Iniúchóireachta

Tá triúr (3) Comhaltaí de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus triúr Comhaltaí seachtracha arna gceapadh de réir C.L. 0018/2015 sa Choiste Iniúchóireachta. Fuair an Coiste Iniúchóireachta ionduchtú agus athoiliúint agus bhí sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an Fheidhmeannas agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus thug sé gealltanais don Bhord maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas rialaithe inmheánach. Fuair sé tuarascálacha ón Lucht Bainistíochta, Iniúchadh Seachtrach arna chur ar fáil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Iniúchadh Inmheánach arna chur ar fáil ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) – Boird Oideachais agus Oiliúna. Fuair an Bord Tuairiscí ar Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus bhí aird aige ar a Thuarascáil Bhliantúil nuair a ghlac sé le Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach (SIC) agus na Cuntais Bhliantúla a fhaomhadh.
Le cuidiú óna árachóir, *Irish Public Bodies*, rinne Feidhmeannas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna athbhreithniú ar an dóigh a bhfuil sé ag cloí leis an Chód Cleachtais agus chuir sé Tuarascáil Bhainistíochta le chéile ag úsáid Leabhar Oibre Féinmheastóireachta, rud a bronnadh ar an Choiste Iniúchóireachta. Ina dhiaidh sin, aontaíodh gur chóir na Polasaithe agus na Nósanna Imeachta éagsúla atá sa Chód Cleachtais a phearsantú agus glacadh leo agus an Cód a chur i láthair Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, é a uaslódáil ar láithreán gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus é a chur amach chuig lucht bainistíochta agus foireann Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

## Coiste Airgeadais

Tá ceathrar (4) Comhaltaí de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus Comhalta seachtrach amháin (1) arna cheapadh de réir C.L. 0018/2015 sa Choiste Airgeadais. Tá sé freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar Ioncam/Chaiteachas an Bhoird, ar Chonarthaí móra a bhronntar agus ar ghnéithe airgeadais na bPleananna Seirbhíse Oideachais agus Oiliúna faoi seach. Cuireadh Miontuairiscí Chruinnithe an Choiste Airgeadais faoi bhráid an Bhoird agus le cuidiú le gealltanas a thabhairt go bhfuil na Pleananna Seirbhíse Oideachais agus Oiliúna á gcur i bhfeidhm.

## Rialú inmheánach

Bhí freagracht fhoriomlán ar an Bhord as a chinntiú go raibh Córas éifeachtach Rialaithe Inmheánach á chothabháil agus i bhfeidhm. Rinne an Bord Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha; fuair an Bord Tuarascáil ón Choiste Iniúchóireachta mar pháirt den athbhreithniú sin agus bhí aird ag an Bhord air. Bhí Córas an Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar mhion-Nósanna Imeachta Riaracháin a bhí i bhfeidhm, dualgais á ndeighilt, sainúdaruithe tugtha agus athbhreithniú rialta déanta ag an Lucht Bainistíochta agus ag an Bhord ar thuarascálacha a thugann breac-chuntas ar thorthaí Iarbhír agus Buiséadaithe do na Cláir éagsúla.

Pléadh leis na hIniúchtaí seo a leanas le linn 2017:

- Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) ar Chuntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016
- Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) - Boird Oideachais agus Oiliúna: Athbhreithniú ar Iniúchadh Inmheánach 2016 ar Leithdháileadh Múinteoirí agus Uaireanta Comhoibrithe
- Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) - Boird Oideachais agus Oiliúna: Comhlíonadh Soláthair i Seirbhísí Oiliúna
- Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) - Boird Oideachais agus Oiliúna: Socruithe maidir le hIniúchadh Inmheánach ar TF

Próiseálann Coiste Achomhairc (Alt 29) an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Achomhairc maidir le díbirt, diúltú dalta a chlárú agus dalta curtha ar fionraí i Scoil nó Coláiste faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998.
Próiseáladh agus réitíodh dhá Iarratas ag leibhéal áitiúil in 2017.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, i gcomhar le *IPB Insurances* agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann gafa le Córas úr Bainistíochta Riosca a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna.

## Straitéis Airgeadais

Is é cuspóir na Feidhme Airgeadais tacaíocht a thabhairt don Bhord i mbaint amach, laistigh den Bhuiséad, na gcuspóirí atá leagtha amach sna Pleananna Seirbhíse bliantúla. Áirítear na feidhmeanna seo a leanas le Tacaíocht Airgeadais - tacaíocht chinnteoireachta, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheart agus cuntasacht reachtúil.

**Cuntasacht Reachtúil**

Tá ceanglais dhiana chuntasachta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Áiríonn na riachtanais sin ullmhú na gCuntas Bliantúil (AFS) i bhformáid atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus iniúchadh á dhéanamh ar na Cuntais sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá Córais Rialaithe Airgeadais, bunaithe ar Pholasaithe agus ar Nósanna Imeachta mionsonraithe, i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais sin agus lena chinntiú go mbainfear cuspóirí amach go héifeachtach.

**Barúlacha i dtaobh feidhmíochta**

Bhainistigh agus riar Rannóg an Airgeadais tuairim is 100 Clárbhuiséad de chaiteachas athfhillteach arbh fhiú €66.82 milliún é agus roinnt Tionscadal Caipitil, i gcomhar le Rannóg Bainistíochta Eastát an Bhoird, arbh fhiú €0.88 milliún iad, caiteachas iomlán de €67.70 milliún.
D'fhostaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 1,613 ball foirne san iomlán i róil éagsúla, rud a chiallaíonn go bhfuil sé fós ar cheann de na Fostóirí is mó sa Chontae.

Próiseáladh íocaíochtaí arbh fhiú €13,498 iad i bhfábhar 3 scoláire a d'fhreastail ar Choláistí aitheanta Tríú Leibhéal in Éirinn.

Próiseáladh Íocaíochtaí Liúntas Foghlaimeora arbh fiú €5.859 milliún iad i leith rannpháirtithe a bhí ag freastal ar na Cláir éagsúla de chuid Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna ar nós Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Cumasóige (YR) mar aon le réimse cúrsaí a cuireadh ar fáil sa dá Ionad Seirbhísí Oiliúna i Leitir Ceanainn agus Gaoth Dobhair agus i suíomhanna éagsúla for-rochtana.

**Eolas airgeadais**


Chríochnaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an tIniúchadh ar Chuntais don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2017 agus dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na Cuntais go foirmiúil ar an 11 Meán Fómhair 2018.

Leagann an Tábla seo a leanas amach Achoimre ar Íocaíochtaí don Bhliain Féilire 2017:

| CLÁR | CAITEACHAS 2017 | |
|---|---|---|
| | €000 | % |
| **Ginearálta agus Iar-bhunoideachas** (Costais reatha 15 Scoil agus Coláiste Dara Leibhéal, Clár Ranganna Oíche Oideachais Aosaigh agus Oifigí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna) | 41,432 | 61.2% |
| **Seirbhísí Breisoideachais** (VTOS, Cumasóige, Litearthacht Aosach, Oideachas Pobail, Treoir san Oideachas Aosach, Cúram Leanaí srl.) | 9,264 | 13.69% |
| Seirbhísí Oiliúna | 11,253 | 16.62% |
| Seirbhísí um Obair don Óige | 906 | 1.34% |
| Seirbhísí Tacaíochta do Scoláirí – Scoláireachtaí | 13 | 0.02% |
| Tionscadail Ghníomhaireachta | 1,647 | 2.43% |
| Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha | 2,300 | 3.40% |
| Tionscadail Chaipitil | 882 | 1.30% |
| **IOMLÁN** | **67,697** | **100%** |

## Briseadh Síos ar Phá 2017

- Riarachán: 8.79%
- Teagasc: 88.18%
- Cothabháil: 3.03%



## Costais Chomhaltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 2017

| Comhalta | Cruinnithe Reachtúla | Boird Agallaimh | Freastal ar Chomhdhálacha / Sheimineáir | B.O.M | Coiste Airgeadais | Coiste Iniúchóireachta | Eile | Iomlán | Líon na gcruinnithe a ndearnadh freastal air |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € | € | |
| Geoffrey Browne* | 494 | 1,757 | 0 | 163 | 546 | 0 | 3,060 | 6,020 | 7 |
| Albert Doherty | 329 | 0 | 0 | 62 | 0 | 0 | 0 | 391 | 8 |
| Gary Doherty** | 143 | 0 | 1,510 | 61 | 0 | 0 | 1,206 | 2,920 | 6 |
| Rena Donaghey | 0 | 53 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 53 | 6 |
| Martin Farren | 210 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 210 | 6 |
| Martin Harley | 188 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 188 | 7 |
| Niamh Kennedy | 120 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 120 | 5 |
| Michael Mc Bride | 27 | 0 | 0 | 0 | 0 | 174 | 0 | 201 | 7 |
| Liam Blaney | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 |
| Philip Mc Glynn | 255 | 0 | 0 | 0 | | 266 | 0 | 521 | 6 |
| Patrick Mc Vicar | 595 | 2,499 | 0 | 782 | 0 | 0 | 660 | 4,536 | 8 |
| Bernie Mulhern | 401 | 1,244 | 751 | 729 | 61 | 0 | 119 | 3,305 | 6 |
| Bernadette Ní Dhuibhir | 512 | 292 | 970 | 0 | 460 | 278 | 99 | 2,611 | 6 |
| Gabriel O'Donnell | 81 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 81 | 4 |
| Joanne Irwin | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 |
| Noel Rodden | 200 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 200 | 8 |
| Jimmy Kavanagh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 |
| Regina Grant | 0 | 0 | 588 | 0 | 0 | 0 | 0 | 588 | 8 |
| John Campbell | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 |
| John Shéamais Ó Fearraigh | 171 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 171 | 6 |
| Martin McDermott | 383 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 383 | 7 |
| **Iomlán** | **4,109** | **5,845** | **3,819** | **1,797** | **1,067** | **718** | **5,144** | **22,499** | |

* Ionadaí de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus Cathaoirleach Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
** Ionadaí de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar Fhóram na gComhaltaí Forchoimeádta Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann


Snickers
WORKWEAR


GRAND OLE





## TOSAÍOCHT 9 | Oideachas agus Oiliúint a Chomhtháthú le Seirbhísí Comhroinnte

Ag eascairt as comhtháthú leanúnach na Seirbhísí Oideachais agus Oiliúna, agus cur i bhfeidhm Thionscadal na Seirbhísí Comhroinnte, le sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar thosaíochtaí eagraíochtúla agus ar róil phoist dá réir.

## TORADH

Fianaise shoiléir de chórais éifeachtacha, de chaidrimh oibre agus de róil phoist laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

- Cuireann Rannóg na nAcmhainní Daonna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall tacaíocht ar fáil trí cheithre shainréimse oibre mar atá:

    - Riarachán Acmhainne agus Saoire
    - Earcú agus Roghnú
    - Oibríochtaí Ginearálta Acmhainní Daonna
    - Aoisliúntas/Pinsin

    Lean an reachtaíocht chosantach, mar atá an tAcht um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Páirtaimseartha), 2001 agus an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 agus na comhaontuithe comhchoiteanna a d’eascair as an reachtaíocht sin de thionchar suntasach a bheith acu ar oibríochtaí bhaill foirne Rannóg na nAcmhainní Daonna i rith na bliana.

Tosaíonn an próiseas maidir le líon na múinteoirí do scoileanna dara leibhéal a shonrú i mí Dheireadh Fómhair gach bliain, nuair a sheoltar leithdháiltí táscacha múinteoirí, bunaithe ar an líon iomlán ar rollaí dara leibhéal don scoilbhliain roimhe sin, ar aghaidh chuig gach Scoil/Coláiste dara leibhéal. Ceadaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna leithdháiltí múinteoirí breise mar seo a leanas:

- Tríd an phróiseas achomhairc chuig Leithdháileadh Tosaigh na Roinne, mar thoradh ar mholtaí mionsonraithe ó gach scoil/coláiste i ndáil le géar-easnaimh churaclaim. Maireann an próiseas seo ó mhí Feabhra go mí an Mheithimh.
- Iarratais ar acmhainní i ndáil le riachtanais speisialta, foghlaimeoirí ón Lucht Siúil agus scoláirí ar náisiúnaigh choigríche iad.
- Tuilleadh iarratas a bhaineann le huaireanta cúitimh do Phoist mar Chomhordaitheoirí Clár agus Stiúrthóirí Oideachais d’Aosaigh, Iamháltais churaclaim agus Cláir iar-Ardteistiméireachta.
- Leithdháiltí a eascraíonn ó chláir macasamhail SCP (Cláir Chríochnaithe Scolaíochta) agus DEIS.

Ba é 440.52 coibhéis lánaimseartha Leithdháileadh Múinteoirí deiridh Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall do 2017 (an scoilbhliain 2017/2018).

## Foireann Riaracháin

Déanann an Roinn Oideachais & Scileanna leithdháileadh ar an Fhoireann Riaracháin ar an bhunús seo a leanas:

- de réir na bhfoirmlí comhaontaithe atá leagtha síos i dTuarascáil Rochford agus comhaontú ina dhiaidh sin idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus DPER ar leibhéal an tsoláthair foirne i mBoird Oideachais agus Oiliúna, agus
- Ar bhunús cláir.

Cuirtear Tuarascálacha chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna gach ráithe i ndáil lena leibhéal ceadaithe feidhmíochta ina leith seo.

Fostaíodh 119 ball foirne Cléireachais agus Riaracháin in Oifig Riaracháin, i Scoileanna agus in Ionaid an Bhoird le linn 2017. Is ionann leibhéal na foirne riaracháin agus 8.79% den Bhuiséad fhoriomlán Pá.

## Foireann Tacaíochta

Déantar Ball Foirne Tacaíochta a leithdháileadh de réir líon agus méid na Scoileanna/Coláistí agus caighdeán/acmhainn na cóiríochta a úsáidtear i ngach cás. Fosatíodh 90 ball foirne tacaíochta san iomlán ag Oifig Riaracháin, Scoileanna agus Ionaid an Bhoird le linn 2017.


Is ionann leibhéal na foirne tacaíochta agus 3.03% den Bhuiséad fhoriomlán Pá.

## Cothromaíocht Oibre is Saoil agus Teidlíochtaí Saoire na mBall Foirne

Aithníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall go bhfuil riachtanais agus oibleagáidí pearsanta ag baill foirne, agus chomh fada agus is féidir laistigh de na treoirlínte cuí, éascaíonn sé teidlíochtaí saoire le freastal ar na riachtanais sin. Próiseáladh na hiarratais seo a leanas ar theidlíochtaí saoire don fhoireann le linn 2017:

**Iarratais ar Theidlíochtaí Saoire 2017**

| | |
|---|---|
| Saoire Mháithreachais | 31 |
| Saoire Thuismitheoireachta | 7 |
| Baill foirne ar iasacht | 3 |
| Saoire Chúramóra | 3 |
| Postroinnt | 31 |
| Comhroinnt Oibre | 14 |
| Sos Gairme | 13 |



**Poist a Líonadh in 2017**

| Poist | Líon Post |
|---|---|
| Príomhoide | 0 |
| Leas-Phríomhoide | 1 (+2 Gníomhach) |
| Múinteoirí (PRPT) | 41 |
| Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail | 2 |
| Múinteoir Teagmhála um Iompar Dearfach | 0 |
| Cúntóirí Riachtanas Speisialta | 8 |
| Oifigeach Sinsearach Foirne VI | 1 |
| Teoirchomhairleoir Aosach | 1 |
| Príomhoifigeach Cúnta (Gníomhach) | 3 |
| Comhordaitheoir Dearbhaithe Cáilíochta FET (Gníomhach) | 1 |
| Oifigeach Earcaíochta maidir le Cúrsaí FET | 1 |
| Comhordaitheoir Litearthachta FET | 1 |
| Oifigeach Airgeadais agus Riaracháin FET (Gníomhach) | 1 |
| Grád VII (Gníomhach) | 3 |
| Cúntóir Riaracháin FET | 1 |
| Maor | 5 |
| Grád III | 14 |
| Eagraí Litearthachta FET | 3 |
| Comhordaitheoir Cumasóige | 1 |
| Stiúrthóir Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin | 1 |

- Mar pháirt den chomhtháthú leanúnach ar Sheirbhísí Oideachais agus Oiliúna, leasaíodh róil phoist maidir le foireann úr agus foireann ionaid le teacht le riachtanais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, riachtanais atá ag athrú agus ag teacht chun cinn trasna na Seirbhíse FET ar fad lena n-áirítear Dearbhú Cáilíochta, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD), Rannpháirtíocht Fostóirí, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) don eagraíocht ina hiomláine.

- Tugadh faoi chur chuige den chineál chéanna maidir le poist a thagann aníos laistigh d'Oifigí Riaracháin an Bhoird faoi Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD).

- Lean Stiúrthóir OSD agus Baill Foirne Rannóg an Airgeadais de pháirt a ghlacadh i bhforbairt na dTionscadal maidir le Seirbhísí Comhroinnte Párolla agus Airgeadais do na Boird Oideachais arna treorú ag Oifig Bhainistíochta Tionscadal na Roinne (PMO). D'áirigh an obair sin cur i bhfeidhm roinnt beart eatramhach le héifeachtúlacht a fheabhsú maidir le seachadadh fheidhm an Airgeadais go dtí go gcuirfear Seirbhísí Comhroinnte i bhfeidhm.

## TOSAÍOCHT 10 | Deiseanna Foghlama agus Tacaíochtaí do Bhaill Foirne

Réimse deiseanna foghlama agus tacaíochtaí a chur ar fáil do bhaill foirne le cur le hacmhainn na heagraíochta agus le cur le caighdeán an tsoláthair oideachais agus oiliúna.

### TORADH

Eagraíocht dhinimiciúil a fhreagraíonn go gasta agus go héifeachtach ar athruithe.

- Baineann an fhoireann teagaisc i Scoileanna agus i gColáistí an Bhoird úsáid rialta as cúrsaí in-seirbhíse in ábhair éagsúla i rith na bliana chun cuidiú le cur i bhfeidhm forbairtí sa churaclam a ofráiltear do scoláirí – go háirithe maidir leis an tSraith Shóisearach úr.

- Chríochnaigh 6 bhall foirne ó réimsí éagsúla san eagraíocht Dioplóma sa Dlí Fostaíochta de chuid IBEC/DIT, cáilíocht a éascóidh comhlíonadh laistigh den tseirbhís.

- Tháinig foireann seirbhíse FET le chéile ar feadh lá amháin i Meán Fómhair le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís atá á cur ar fáil agus le pleanáil don todhchaí. Chuala 160 ball foirne FET cuir i láthair ó réimse cinteoirí .i. an saineolaí idirnáisiúnta mór le rá, an tOllamh Kathleen Lynch, faoin dóigh le dul i ngleic le neamhionannas oideachasúil, roinnt iarfhoghlaimeoirí a bhain leas as an tseirbhís, fostóirí a oibríonn le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall faoin dóigh le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus comhpháirtithe seachadta. Chuir an t-eolas sin uilig comhthéacs ar fáil do na baill foirne maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís agus pleanáil don todhchaí.

- Cuireadh Cúrsaí Forbartha Gairmiúla agus deiseanna foghlama ar fáil do bhaill foirne FET le cuidiú leo tacú le foghlaimeoirí a bhfuil saincheisteanna meabhairshláinte agus deacrachtaí foghlama acu (m.sh. Disléicse agus Diospraicse); ar shláinte óige agus sláinte ghnéis, dearbhú cáilíochta ar gach gné de theagasc agus d'fhoghlaim.

- Eagraíodh oiliúint treorach túslíne do Chomhordaitheoirí agus do Riarthóirí FET lena chinntiú go dtreoraítear ábhar foghlaimeoirí fásta chuig eolas / cúrsaí ábhartha.

- Socraíodh agus seachadadh sraith tionscnamh Ceannaireachta Teagaisc laistigh d'uaireanta Pháirc an Chrócaigh i roinnt mhaith dár gcúig (15) scoil déag.

- Ghlac roinnt múinteoirí páirt in *Féilte 2017*, imeacht a d'eagraigh an Chomhairle Mhúinteoireachta. Cuireadh an *Tionscadal Pleanála Curaclaim – Cruthú Ábhair* os comhair an phobail, fad is go ndearna Coláiste na Carraige agus Coláiste Cranncha, Bun Cranncha cuir i láthair fosta.

- Chuir oiliúint samhraidh na gCúntóirí Riachtanas Speisialta réimse deiseanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar fáil thar thréimhse trí lá in Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin.

- Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall de dheiseanna ábhartha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do bhaill foirne a mhaoiniú.

- I gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, ghlac roinnt múinteoirí páirt i dTionscadal Comhoibrithe Múinteoirí.

## Aoisliúntas agus Sochair Scoir

Tábla de shonraí oibríochta Rannóg Pinsean Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall don bhliain 2017.

**Ainmneacha Scéime:**

Scéim Aoisliúntais Mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2015
Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015
Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí, 2012
Scéim Dhruidte FÁS
Scéim Oscailte FÁS

| Mír | Sonra |
|---|---|
| Líon Daoine atá ar scor in 2017 | 22 |
| Líon Iomlán Daoine atá ar scor | 241 |
| Líon fiosruithe úra sa bhliain reatha 2017 | 294 |
| Líon fiosruithe a próiseáladh | 237 |
| Líon fiosruithe atá ar bun suas go dtí 31/12/2017 | 1500 (comhaid bheo iad uilig) athbhreithniú le déanamh ar 3000 comhad a bhaineann le hiarbhaill foirne |
| Ciorcláin/Comhaontuithe Comhchoiteanna a raibh tionchar acu ar an Scéim Pinsin in 2017 | CL 25/2008, 24/2008,19/2005, 62/2014 socruithe pinsin fostaithe P/A<br>CL 66 & 67/2016 Athruithe ar thuarastail Múinteoirí & CRSanna<br>CL 13/2016 CPI do Scéim Aonair [SPSPS]<br>CL 15/2016 tag. 52. (6 &7) d'iarratas ar SPSPS.<br>CL 18, 19 & 22 Síneadh Ama a Chur leis an Tréimhse Chairde 01/04/2019<br>S.I No 574 of 2012 agus Imlitreacha<br>CL 11/2014 CL 15/2014 CL 27/2014<br>CL 009/2015 and CL 13/2015 CL 19/12<br>TRR – CL0059 & 0063 2014 soiléiriú & nuashonrú ar rialacha agus riarachán Scéim TRR.<br>CL 21/2017 CL 18/2017 CL 41/2017<br>CL 27/2017 CL 11/2017 CL 54/2017 |



etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board








donegal
music
educatio
partners
MENTAL HEALTH WEE
#MyWee5



**TOSAÍOCHT 11 | Úsáid na Nuatheicneolaíochtaí le Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil a fheabhsú**

Teicneolaíochtaí úra agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid le cur le tacaíocht agus le forbairt eagraíochtúil.

**TORADH**

Níos mó úsáide á baint as Teicneolaíochtaí cuí Eolais agus Cumarsáide agus bogearraí gaolmhara.

## Teicneolaíochtaí úra agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid le tacú le forbairtí maidir le teagasc agus foghlaim, bainistíocht eolais, agus cumarsáid agus comhoibriú

- Infreastruchtúr a fhorbairt le Cruthú Ábhair agus acmhainní comhroinnte i measc grúpaí múinteoirí a éascú agus *Versal* a leathadh amach.
- Úsáid na Meán Sóisialta, *Twitter, Youtube, Linkedin & Facebook* a fhorbairt.
- Creat ceannaigh leathnaithe chuig an fhoireann teagaisc.
- Polasaithe maidir leis na Meáin Shóisialta & Cumarsáid a fhorbairt.
- Rochtain ar fhoilseacháin & tuarascálacha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fheabhsú.

## Straitéis chomhtháite TFC do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

- Láithreán gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a athfhorbairt le go mbeadh sé níos fusa do lucht úsáidte na Meán Sóisialta rochtain a fháil air.
- Ullmhú le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte Párolla & Airgeadais trí dheireadh a chur le gach idirbheart páipéir.
- Néalstóráil a fhorbairt agus a fheabhsú níos mó & líonraí comhroinnte a bhaint.
- Slándáil a fheabhsú ar líonraí móibíleacha.

## TOSAÍOCHT 12 | Stráitéis Cumarsáide atá soiléir agus éifeachtach a Fhorbairt

Straitéis cumarsáide atá soiléir agus éifeachtach a fhorbairt do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

TORADH

Tá níos mó iontaoibhe agus tuisceana ag na páirtithe leasmhara ar fad maidir le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus a ról, a chuid freagrachtaí agus na seirbhísí a chuireann sé ar fáil.

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Cumarsáide i mí na Bealtaine 2017 le treoir straitéiseach a chur ar fáil maidir le struchtúir agus oibríochtaí cumarsáide Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus le cur in iúl go soiléir cé hiad Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus cad a dhéanann sé. Déanann an Príomhfheidhmeannach cathaoirleacht ar an Ghrúpa sin agus áiríonn sé baill foirne a bhfuil saineolas acu maidir le cúrsaí cumarsáide.

Tháinig an Grúpa Comhairleach Cumarsáide le chéile sé huaire in 2017 le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach agus oibríochtúil chúrsaí cumarsáide Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall i roinnt réimsí cumarsáide lena n-áirítear:

- Straitéiseach
- Na Meáin Chumarsáide/Preas
- Cumarsáid Dhigiteach
- Cumarsáid Chorparáideach
- Cumarsáid Inmheánach
- Margaíocht

Cruthaíodh post mar Chomhordaitheoir Cumarsáide fosta le maoirseacht a dhéanamh ar chuid den obair sin don eagraíocht. Déanann an Comhordaitheoir Cumarsáide bainistíocht ar chuntais mheán sóisialta Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus ar an nuacht don láithreán gréasáin. Ina theannta sin, comhordaíonn sé preaseisiúintí agus gníomhaíochtaí promóisin tríd na meáin thraidisiúnta agus shóisialta.

Chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall leis an úsáid a bhaineann sé as na meáin shóisialta mar uirlis cumarsáide.

Cruthaíodh dhá chuntas bhreise meán sóisialta do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar *YouTube* (deireadh mhí na Nollag 2016) agus *LinkedIn* (Bealtaine 2017). Tá siad sin sa bhreis ar chuntais *Twitter* agus *Facebook* atá ann cheana féin.

Forbraíodh an haischlib #WeAreDonegalETB / #IsMuidETBDhúnnanGall le húsáid ar gach postáil mheán sóisialta.

In 2017, tháinig méadú de 1,574 leantóir ar líon na leantóirí ar Facebook, ó 2,337 (01 Eanáir) go 3,911 (31 Nollaig). Tá sé sin i gcomparáid le méadú de 224 leantóir sna sé mhí roimhe sin ó 2,112 leantóir ar an 15 Iúil 2016 go 2,336 leantóir ar an 30 Nollaig 2016.

In 2017, d'fhorbair an Grúpa Comhairleach Cumarsáide *Polasaí agus Treoirlínte maidir le hÚsáid na Meán Cumarsáide* le haghaidh cuntais eagraíochtúla agus baill foirne. Ba é sin an chéad pholasaí den chineál sin do Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Dearadh meirgí promóisin le branda, láithreán gréasáin agus cuntais mheán sóisialta Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a chur chun cinn trí iad a dháileadh ar gach Scoil, Ionad FET, Gartán, Oideachas Ceoil agus Seirbhísí um Obair don Óige.









# EOCHAIRTHÉAMA 3

**TOSAÍOCHT 13 | Ag Tógáil ar Chaidrimh**

Tógáil ar chaidrimh atá bunaithe cheana féin le grúpaí áitiúla pobail agus le comhpháirtithe cuí deonacha, reachtúla trasteorann agus gnó le hoibriú i dtreo comhspriocanna.

**TORADH**

Comhpháirtíochtaí láidrithe ag soláthar cuir chuige atá níos dírithe ar dheiseanna foghlama agus fostaíochta.

Mar pháirt de fhreagairt chomhordaithe le freastal ar riachtanais oiliúna na bhfoghlaimeoirí agus na bhfostóirí araon, seoladh Tairseach ar líne maidir le Seirbhísí Oiliúna d'Fhostóirí agus bileog Eolais, rudaí a thug achoimre ar an réimse seirbhísí is féidir le Seirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a chur ar fáil d'fhostóirí i nDún na nGall, seirbhísí a áiríonn oiliúint oiriúnaithe ionchuideachta ag NFQ L1-L6 le fostaithe a uas-sciliú. An tUasal Paul Diver, Cathaoirleach Bhrainse Dhún na nGall de Chónaidhm Óstáin na hÉireann a sheol an Tairseach.

I mí Dheireadh Fómhair 2017 bronnadh an Bhratach Ómra ar Ghairmscoil na Mainistreach mar aitheantas ar an iarracht agus an tiomantas atá léirithe acu maidir le tuiscint agus feasacht níos fearr a chothú i leith saincheisteanna meabhairshláinte. Is iomaí clár agus tionscnamh atá tugtha isteach ag an scoil ar nós: Seachtain na Meabhairshláinte agus Scoil um Chur Chun Cinn na Sláinte, Maoir Shinsearacha agus monatóireacht ar dhaltaí na hIdirbhliana, Crann Dóchais agus clár fógraí na Brataí Ómra agus físeán maidir le meabhairshláinte dhearfach.

Reáchtáil an tSeirbhís FET a Seimineár bliantúil maidir le hOideachas Pobail ar an 5 Nollaig le haitheantas a thabhairt d'obair a comhpháirtithe pobail ó thaobh an oideachais de. D'fhreastail 115 rannpháirtí ó 64 Grúpa Pobail ar fud an chontae ar an ócáid. Ba í an t-iriseoir mór le rá Susan McKay an príomhchainteoir. Tá moladh faighte ag McKay ó na léirmheastóirí mar scríbhneoir ar shaincheisteanna a bhaineann le ceartas sóisialta. Ina theannta sin labhair foghlaimeoirí faoina dturas foghlama féin. Lena chois sin, reáchtáladh taispeántas den chineál oibre atá déanta ag grúpaí pobail a fuair tacaíocht ó Chlár Tacaíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le hOideachas Pobail do na cúrsaí éagsúla a reáchtáil siad. D'áirigh sé sin taispeántais d'adhmadóireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach, uaschúrsáil, *découpage*, mósáicí, haitéireacht, fíodóireacht saileach agus ealaíona agus ceirdeanna eile. Le linn 2017, cuireadh tacaíocht ar fáil do 135 Grúpa Pobail le 489 cúrsa a sheachadadh ar fud an chontae.











Reáchtáladh an tAonach bliantúil FET ar an 25 Eanáir agus bhí níos mó ná 1000 foghlaimeoir/ábhar foghlaimeoirí i láthair. Tá an tAonach fós ar an deis is fearr atá ar fáil do dhaoine sa chontae le fáil amach faoi dheiseanna Breisoideachais agus Oiliúna d'aosaigh. Bhí teagascóirí, comhordaitheoirí agus treoirchomhairleoirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar fáil ar an lá le foghlaimeoirí agus ábhar foghlaimeoirí a threorú agus chuir Eolas do Shaoránaigh, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) agus SUSI (Deontais do Scoláirí) eolas ginearálta ar fáil maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh siúd atá ag filleadh ar an fhoghlaim. Mar gheall ar na naisc láidre atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le hOllscoileanna, le hInstitiúidí Teicneolaíochta agus le Coláistí Breisoideachais bhíothas ábalta deiseanna breise dul chun cinn a chur i láthair fosta.

Lean Seirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall d'oibriú i ndlúthchomhar le Fóram Réigiúnach Scileanna (RSF) an Iarthuaiscirt agus lena chuid ball agus é mar aidhm acu riachtanais oiliúna agus oideachais na bhfostóirí áitiúla a aithint agus freastal orthu. Bhí an RSF ina chomhpháirtí tábhachtach sa tionscadal Tairseach Fostóirí.

D'oibrigh an tSeirbhís FET i gcomhar le 120+ Grúpa Pobail agus chuir 440 Cúrsa ar fáil go háitiúil fríd an Chlár Tacaíochta Oideachais Pobail. Cuireadh cláir ar fáil i réimsí ar nós: Talmhaíocht, Gairneoireacht & Muirí, Ealaín, Ceardaíocht & Meáin Chumarsáide, Sláinte, Cúram Sóisialta agus TFC.

Lean Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall dá chuid oibre le comhpháirtithe ar bhonn náisiúnta, lena n-áirítear *Music Generation, Music Network* agus Cumann Ceolfhoirne Óige na hÉireann. Chomhoibrigh an DMEP ar thionscadail le heagraíochtaí ón National Trust (RA) go *Lyric FM* go Scoil Cheoil Laoise. Ar bhonn áitiúil reáchtáil an DMEP imeachtaí nó ghlac sé páirt in imeachtaí i gcomhar leis an Ionad Cultúir Réigiúnach, Leitir Ceanainn; Comhairle Contae Dhún na nGall; Amharclann an Ghrianáin, Leitir Ceanainn; Ionad Ealaíon Balor, Bealach Féich; Caisleán Ghleann Bheatha; Teach agus Dánlann Gléibe; Cumann Ceoil Aireagail Dhún na nGall; scoileanna éagsúla; agus comhpháirtithe eile. Ghlac grúpaí DMEP páirt i gceolchoirmeacha agus i bhféilte ar fud Dhún na nGall agus i nDoire, i Sligeach, in an Móta agus in Inis. Fuair an DMEP bronntanas suntasach d'uirlisí ceoil ó Fhondúireacht Jim Rafferty, eagraíocht a bunaíodh i gcuimhne ar an chéad stiúrthóir a bhí ag Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall.

D'óstáil an DMEP an Tionscadal *Soundwaves*. Tionscadal ceannródaíoch cruthaitheach do cheoltóirí sna déaga a bhí ann. Mhair sé ar feadh 15 lá le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa. Comhpháirtíocht a bhí ann idir an DMEP, *Music Generation*, an Chomhairle Ealaíon, *Wall2Wall Music* (Doire) agus an tIonad Cultúir Réigiúnach.


Employment Support Services

etb
Health & Welfare
www.donegaletb.ie

etb
Donegal ETB Apprenticeship


etb
IT & Computing
ETFair2017


etb
Customer Service
www.donegaletb.ie

etb
www.donegaletb.ie
Home grown tastes better

Le linn Sheachtain na Meabhairshláinte 2017 (9ú-14ú Deireadh Fómhair) thacaigh ár gcuid scoláirí, foghlaimeoirí agus ball foirne inár gcuid scoileanna, ionad agus seirbhísí uilig le feachtas #MyWee5 de chuid Jigsaw Donegal (bíodh dáimh agat le daoine, bí gníomhach, tabhair aird ar rudaí, bí páirteach, tabhair) le meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn.

## Oiliúint agus Oideachas maidir le hAlcól agus Drugaí eile i Réigiún an Iarthuaiscirt

Oibríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall i gcomhar le Tascfhórsa Réigiúnach an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí agus Alcól, le Fóram Alcóil agus FSS Iarthar Dhún na nGall. Chuir ár Speisialtóir Oideachais Alcóil agus Drúgaí Eile clár cúrsaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, mar aon le QQI leibhéal 5 i Staidéar Andúile don Phobal (Leibhéal Teastais) ar fáil i réigiún Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma. Forbraíodh Dioplóma Iarchéime úr, Máistreacht san Eolaíocht in Idirghabháil Theiripeach um Alcól agus Drugaí eile in LYIT i gcomhar leis an Fhóram Alcóil; bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall lárnach san obair a bhain leis an chúrsa sin a scríobh. Le linn na bliana cuireadh réimse cúrsaí ar fáil ar nós:

1. SAOR : Scagthastáil & Idirghabháil ghairid (clár náisiúnta)
2. Ógántacht agus Mí-úsáid Substaintí: Ag obair le Daoine Óga- Luath-idirghabháil
3. Scileanna Agallóireachta Inspreagtha
4. Drugaí atá ag teacht chun cinn: Substaintí Sícighníomhacha Úra
5. Cannabas: Áineasa, Míochaine agus Sintéiseach
6. Scileanna Riachtanacha Éascaitheoireachta Grúpaí

I measc na ndaoine a d'fhreastail ar na cúrsaí oiliúna bhí: Múinteoirí, Comhairleoirí, Oifigigh Chothaithe Sláinte, Oifigigh Phromhaidh, Oifigigh Theagmhála Bhaile Óige, Oibrithe Óige, Oibrithe Sláinte leis an Lucht Siúil, Altraí Síciatracha, Oibrithe Sóisialta, Oibrithe Míchumas Foghlama, Síceolaithe agus daoine eile nach iad.

## Cláir oideachais agus tacaíochtaí atá á gur ar fáil ag Seirbhísí Síceolaíochta –

- Clár oiliúna maidir le scileanna sóisialta a chur ar fáil do dhaoine óga a bhfuil Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais (ASD) orthu.
- Cláir maidir le Scileanna Staidéir a chur ar fáil do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh agus do dhaltaí na hArdteistiméireachta.
- Clár FRIENDS a chur ar fáil (clár le cur leis an tuiscint ar mhothúcháin, teacht aniar agus cumais réitigh fadhbanna le grúpaí daoine óga)
- Oiliúint inseirbhíse foirne a chur ar fáil do Scoileanna i samhail seirbhíse an Chontanaim Tacaíochta arna fhorbairt ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).
- Oiliúint inseirbhíse foirne a chur ar fáil i bpleanáil theagmhasach le haghaidh teagmhais chriticiúla
- Oiliúint inseirbhíse a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile in idirghabháil litearthachta agus uimhearthachta ar bhonn fianaise i gcomhar leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.
- Oiliúint inseirbhíse a chur ar fáil do mhúinteoirí úra i mBord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar shamhail an Chontanaim Tacaíochta agus RSO sa seomra ranga
- Oiliúint inseirbhíse a chur ar fáil do Chúntóirí Riachtanas Speisialta in ASD, féinchúram agus bainistiú iompraíochta
- Grúpaí comhairliúcháin ASD a éascú do mhúinteoirí daltaí a bhfuil ASD orthu
- Éascaíocht agus tacaíocht maidir le 'foirne cúraim' a fhorbairt i scoileanna agus athbhreithniú a dhéanamh orthu
- Bunaithe ar threoirlínte úra foirne tacaíochta scoláirí ón ROS
- Oiliúint inseirbhíse a chur ar fáil sna treoirlínte úra maidir le meabhairshláinte d'iar-bhunscoileanna

### Seirbhísí Síceolaíochta Oideachais

Leanann an tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais d'oibriú i ndlúthchomhar le seirbhísí eile sa chontae agus tá iarracht déanta aici dlúthchaidrimh oibre a thógáil le comhoibriú ar chomhspriocanna a éascú. I measc na samplaí den obair sin tá:

- Cruinnithe rialta le comhghleacaithe sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais le cláir agus idirghabháil in iar-bhunscoileanna a phleanáil agus le hathbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Dlúthchaidrimh oibre a thógáil le TUSLA, le seirbhísí Síceolaíochta Cliniciúla, le Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, leis an tseirbhís *Jigsaw* do dhaoine óga, agus le hOifig FSS um Fhéinmharú a Chosc.
- Táthar ag leanúint de dhea-chaidrimh oibre a chothú leis an tSeirbhís Tacaíochta Oiliúna agus Saothair, le seirbhísí Tacaíochta do dhaoine ar Mhíchumas agus le lucht soláthair clár do dhaoine óga a bhfuil RSO acu.
- Oibríonn an tseirbhís leis an NEWB fosta le héascaíocht a dhéanamh, de réir mar is gá, ar aistriú daoine óga leochaileacha ó scoileanna isteach chuig socrúcháin oideachais eile agus le tacú leis an aistriú sin.

**TOSAÍOCHT 14 | Tacaíocht d'Imeachtaí a bhaineann le hObair don Óige ar fud an Chontae**

Tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú ar ghníomhaíochta a bhaineann le hObair don Óige ar fud an Chontae.

**TORADH**

Tuilleadh forbartha ar obair óige ar ardchaighdeán sa chontae.

I mí Feabhra 2017, reáchtáil an Coiste Um Obair Don Óige de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB) ócáid eolais do chlubanna agus do ghrúpaí óige ag Oifigí Riaracháin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, Leitir Ceanainn. Bhí sé mar aidhm ag an ócáid feasacht a chruthú ar chomhcheangal le hEagraíochtaí Náisiúnta Óige agus ar na buntáistí a bhaineann le comhcheangal. D'fhreastail grúpaí óige neamhspleácha ar an ócáid agus thapaigh siad an deis le bualadh le hOifigigh Forbartha ó Ghasógaíocht Éireann, Seirbhís Óige Dhún na nGall agus Foróige.

**Caighdeáin Náisiúnta Cáiliochta maidir le hObair don Óige (NQSF)**
Tá an Creat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta (CCCN) ina uirlis tacaíochta agus forbartha don earnáil Oibre don Óige mar go gcuireann sé creat struchtúrtha ar fáil trínar féidir Obair don Óige a mheas agus a fheabhsú i gContae Dhún na nGall. Tá sé mar aidhm aige obair don óige a mheas, cuidiú le forbairt leanúnach, agus is meicníocht atá ann trínar féidir leis an earnáil óige "a héifeachtacht a léiriú níos fearr agus a cuid cleachtas a fheabhsú". Trí eagraíocht/thionscadal óige a bhí páirteach sa phróiseas in 2017; Tionscadal Forbartha Óige Foróige, Clár *Daybreak* Sheirbhís Óige Dhún na nGall agus an Tionscadal *Cuir Óige Leitir Ceanainn san Áireamh*. Tá clubanna agus grúpaí óige ar fud an chontae ag glacadh páirte fosta sna Caighdeáin Cháilíochta do grúpaí atá á stiúradh ag Oibrithe Deonacha, rud atá comhtháite anois leis an *Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla*.

**Coiste Seirbhísí Leanaí & Daoine Óga Dhún na nGall (CYPSC)**
Tá sé mar aidhm ag Coiste Seirbhísí Leanaí & Daoine Óga Dhún na nGall (CYPSC) torthaí níos fearr a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga trí sheirbhísí agus idirghabháil reatha a chomhtháthú níos fearr ar bhonn áitiúil. Obair idirghníomhaireachta le, mar shampla, Eagraíochtaí Óige, Scoileanna, Cumasóige agus Comhairle na nÓg. Ghlac an tOifigeach Óige páirt sna foghrúpaí Oideachais & Foghlama agus Slán & Sábháilte, agus bhí an tOifigeach Óige ina chathaoirleach ar an Ghrúpa Oibre um Chibearshábháilteacht, a chuir le Plean CYPSC maidir le Leanaí agus Daoine Óga.

**Seisiúin Eolais an Oifigigh Óige -DCYA**
D'fhreastail an tOifigeach Óige ar laethanta eolais agus feasachta leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Mar pháirt den obair sin clúdaíodh athbhreithniú agus forbairt na Scéime Deontais le haghaidh Club Óige Áitiúil agus na Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta do grúpaí atá á stiúradh ag Oibrithe Deonacha, Comhaontuithe Seirbhíse agus Maoiniú Caipitil Óige. Cuireann Coiste Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall um Obair don Óige bealach ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna Oibre don Óige atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall mar atá leagtha síos san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is spás atá ann do sholáthraithe Oibre don Óige agus do ghníomhaireachtaí ábhartha le hoibriú le chéile agus le Plean maidir le hObair don Óige a fhorbairt. Tá Oifigeach Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ina bhall den Ghrúpa Oibre um Chaipitil Óige in DCYA a fhorbraíonn agus a aimsíonn tacaíochtaí do Thionscadail Óige a mbaineann foireann leo agus Clubanna/Grúpaí Óige atá á stiúradh ag Oibrithe Deonacha.

**Rialachas agus Cuntasacht**
Meamram Tuisceana / Comhaontuithe Seirbhíse a Fhorbairt. Moltaí na tuarascála maidir le Luach ar Airgead agus Athbhreithniú ar Pholasaí a chur i bhfeidhm. Lean ar aghaidh le *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile*, Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014 – 2020 agus an Straitéis Náisiúnta Óige a chur chun cinn.

**Riaradh ar mhaoiniú:**
Riaradh €48,226 i ndeontais bheaga tríd an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla 2017 ar 66 club agus grúpa arna stiúradh ag oibrithe deonacha ar fud an chontae, a raibh 3,308 duine óg agus 830 ceannaire óige bainteach leo, do réimse leathan clár agus gníomhaíocht oideachais neamhfhoirmiúil.

**Scéim um Threalamh do Chlubanna Óige Áitiúla 2017**
Cuireadh deontas breise aonuaire de €431,375 ar fáil faoin Scéim um Threalamh do Chlubanna Óige Áitiúla. Chuir an deontas sin maoiniú de suas le €5,500 ar fáil do 100 Club & Grúpa Óige arna stiúradh ag oibrithe deonacha mar aitheantas ar an obair mhór mhaith a rinneadh i gclubanna agus i ngrúpaí arna stiúradh ag oibrithe deonacha thar na blianta ag cuidiú le daoine óga, lena dteaghlaigh agus lena bpobail. Bhí sé mar aidhm ag an deontas tacú le hobair na n-oibrithe deonacha, cur le heispéireas na mball agus trealamh riachtanach a chur ar fáil do chlubanna/ghrúpaí óige. Chlúdaigh deontais trealamh ar nós: Stóras, trealamh TF, trealamh leictreach, trealamh spóirt, trealamh ealaíon agus drámaíochta srl. An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige a mhaoin an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla, lena n-áirítear an Scéim um Threalamh.

Maoiníodh na cláir seo a leanas faoin Scéim um Thionscadail Speisialta don Óige de chuid na Roinne Leanaí & Gnóthaí Óige: Ionad Eolais Óige, Caipiteal Óige agus an Tascfhórsa Áitiúil um Dhrugaí & Alcól:

- Clár Daybreak (Seirbhís Óige Dhún na nGall)
- Ionad Eolais Óige Leitir Ceanainn (Seirbhís Óige Dhún na nGall)
- D.E.C.K. Tionscadal Forbartha Oideachais Óige (Foróige)
- Scéim Réigiúnach Forbartha Óige (Foróige)
- Clár Oiliúna Óige Dhún na nGall maidir le hOideachas/Cosc ar Dhrúgaí & Alcól (Foróige)
- Clár Oideachais & Oiliúna maidir le Drugaí (Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall)

Críochnaíodh Tuairiscí ar Dhul Chun Chinn na dTionscadal agus cuireadh ar ais chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall iad le go gcaithfeadh an tOifigeach Óige súil siar orthu agus cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige iad ansin.

**Coiste Um Obair Don Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**

I bhfianaise fheidhmeanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall maidir le hobair don óige, mar a aithníodh san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 bunaíodh Coiste Um Obair don Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus tháinig sé le chéile faoi dhó i Márta agus i mí na Nollag 2017. Ba iad na príomhréimsí oibre a rinneadh in 2017 ná an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla, Scéim um Trealamh do Chlubanna Óige Áitiúla, Clár Síochána IV, Plean maidir le hObair don Óige, Tionscadal CYPSC agus Athbhreithniú ar Luach ar Airgead maidir le scéimeanna maoinithe le haghaidh Obair don Óige. Is é an ról atá ag an Choiste um Obair don Óige moltaí a dhéanamh don Bhord Oideachais agus Oiliúna maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna i dtaca le hobair don óige faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tógann an coiste le chéile comhaltaí den Bhord Oideachais agus Oiliúna é féin, mar aon le heagraíochtaí/tionscadail óige, comhlachtaí stáit eile agus daoine óga. An tUasal Geoffrey Browne, comhalta de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, is ea an Cathaoirleach, agus Lorraine Thompson, Uasal, Stiúrthóir Sheirbhísí Óige Dhún na nGall is ea an Leas-Chathaoirleach.

**Tascfhórsa Réigiún an Iarthuaiscirt um Dhrúgaí (NWRDTF)**

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a mhaoiníonn Clár Oiliúna Óige Dhún na nGall maidir le hOideachas/Cosc ar Dhrúgaí & Alcól. Is é Foróige, an Eagraíocht Náisiúnta Forbartha Óige, a chuireann an clár chun cinn. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal tacú le cláir oideachais ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur ar fáil do dhaoine óga lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol idir 10-17 mbliana d'aois. Cuireann an clár roghanna níos sláintiúla chun cinn maidir le stíl mhaireachtála i measc na ndaoine óga. Tá an tOifigeach Óige ina bhall den fhoghrúpa Oideachais & Coisc.

**Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus ar Pholasaí (VFMPR)**

Mar pháirt den VFMPR a rinne an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige (DCYA) rinneadh mionscrúdú ar thrí chlár maoinithe a dhíríonn ar dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste agus atá á riaradh ag an DCYA. Rinne Oifigidh Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall beart mapála thar ceann DCYA ar Thionscadail Óige a maoiníodh faoin Scéim um Thionscadail Speisialta don Óige. D'áirigh sé sin scéimeanna a maoiníodh trí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Is é an aidhm fhoriomlán a bhí ag an athbhreithniú ar na cláir mhaoinithe óige reatha ná tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil do dhaoine óga ar leith i gcomhthéacsanna oideachais neamhfhoirmiúla.

**Próiseas Próifílithe Ceantair**

Molann an tAthbhreithniú ar Luach ar Airgead & ar Pholasaí gur chóir go mbeadh scéim spriocdhírithe amháin ann in áit na scéimeanna maoinithe reatha ar nós Tionscadail Speisialta don Óige, Ionaid Eolais Óige agus Tionscadail maidir le Tascfhórsaí Áitiúla um Dhrugaí agus Saoráidí & Seirbhísí do Dhaoine Óga. Ba chóir go mbeadh an Scéim úr Spriocdhírithe Maoinithe Óige (TYFS) bunaithe ar fhianaise ar cad a oibríonn agus ar chuspóirí soiléire atá le baint amach ag daoine óga. Mar pháirt den Scéim Spriocdhírithe Maoinithe Óige, tá an Roinn ag forbairt uirlis próifílithe a chuirfidh bonn eolais faoi chur i bhfeidhm an TYFS i gceantair Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall in 2018. Is é an aidhm atá ag an phróifíliú ná forléargas oibiachtúil a chur ar fáil ar riachtanais an aoisghrúpa 10 – 24 bliain i gceantar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, leibhéil, cineálacha agus tionchair na seirbhísí atá ar fáil agus na riachtanais don soláthar on óige. Roghnaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le páirt a ghlacadh san uirlis próifílithe a thriail agus cuireadh tús leis sin go mall in 2017.

# Gradaim Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

| Catagóir | Scoil/Ionad | Tionscadal an Bhua |
|---|---|---|
| **ETIM** | 1. Coláiste na Maoile Rua<br>2. Coláiste Mhagh Éne<br>3. Coláiste Cranncha | Ráta Gortha in Uibheacha Sicíní<br>Suirbhé ar Thuismitheoirí maidir le HPV<br>Códú a Fhiosrú |
| **Sláinte agus Folláine** | 1. Coláiste na Carraige<br>2. Coláiste Pobail Bhun an Phobail<br>3. Coláiste Cranncha | Bia Sláintiúil agus Aclaíocht<br>Club Cniotála Idirnáisiúnta<br>Deireadh a chur leis an Stiogma |
| **Ealaíona agus Cultúr** | 1. Coláiste Cranncha<br>2. Coláiste na hEargaile<br>3. Coláiste Ghleann na Finne | Comóradh *Laurentic*<br>Imir – Labhair, a Leanbh<br>Ceol agus Mothúcháin |
| **Nuálaíocht agus Fiontraíocht** | 1. Coláiste Mhagh Éne<br>2. Gairmscoil na Mainistreach<br>3. Cumasóige Bhun Cranncha | Éadaí KT<br>Tionscadal Blasta 2017<br>Aonach Ceardaíochta Shlí an Atlantaigh Fhiáin |
| **Breisoideachas & Oiliúint (FET) Catagóir Foirne** | 1. Coláiste na hEaragaile<br>2. Oideachas Pobail<br>3. Oifigí Riaracháin Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall | Cór Aon Ghutha<br>Cadhcáil<br><br>Folláine san Ionad Oibre |






Errigal College
BAGS OF RAGS


Coláiste na Carraige
PHEEW


OILEÁN NA SÍOGA

# Lá Fiontraíochta 2017

Ghlac dhá chéad agus caoga duine ó aon scoil agus ionad Cumasóige agus fiche ó gach áit sa chontae páirt san imeacht; bhí ar gach foireann táirge a fhorbairt agus rinneadh breithiúnas orthu ar bhealach cosúil leis an seó *Dragon's Den*.
Tugadh meantóir gnó agus scoláire gnó de chuid LYIT d'fhoirne le hiad a threorú i rith an lae. I ndiaidh do na foirne uilig a gcuid smaointe a chur i láthair na moltóirí, chuir na trí fhoireann sa bhabhta ceannais a gcuid smaointe i láthair do na rannpháirtithe uilig. Is í seo an ceathrú bliain den imeacht seo agus bhí ardú ar líon na n-iontrálacha ón bhliain 2016.

| | |
|---|---|
| 1ú | Coláiste Ghleann na Finne |
| 2ú | Gairmscoil Mhic Diarmada |
| 3ú | Clochar Loreto |






Buncrana




16




etb





**Comhaltaí Choiste Iniúchóireachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 2017**

1. An tUasal Eunan Cunningham, Cathaoirleach (Comhalta Seachtrach)
2. An tUasal Philip McGlynn
3. Clr Michael McBride
4. Clr Martin Farren
5. An tUasal David Alcorn (Comhalta Seachtrach)
6. An tUasal Kevin Huston (Comhalta Seachtrach)

**Comhaltaí Choiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall 2017**

1. An tUasal Geoffrey Browne, Cathaoirleach
2. Clr Gary Doherty
3. Clr Martin Harley
4. Bernadette Ní Dhuibhir
5. An tUasal Seamus Bradley (Comhalta Seachtrach)

# Scoileanna



Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall

Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn (Gaelcholáiste)

Coláiste Chineál Eoghain (Gaelcholáiste)

Coláiste na Carraige (ar a dtugtaí Gairmscoil na Carraige tráth)

Coláiste Phobail Cholmcille, Tóraigh (Gaelcholáiste agus Scoil Oileáin)

Coláiste Cranncha, Bun Cranncha

Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth

Coláiste na hEaragaile, Leitir Ceanainn

Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir

Gairmscoil Chú Úladh, Béal an Átha Móir (Gaelcholáiste)

Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór (Scoil Oileáin)

Coláiste Mhaigh Éne, Bun Dobhráin

Coláiste Pobail Bhun an Phobail

Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach

Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga

# Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna

Béal Átha Seanaidh

Bun Cranncha

Baile Dhún na nGall  (Drumcliff)

Baile Dhún na nGall (Ardscoil na gCeithre Máistir)

Ionad Oideachais Ghleann na Finne

Gort a'Choirce

Leitir Ceanainn (Ionad Oideachais)

Leitir Ceanainn (Ard Uí Dhomhnaill)

Leitir Ceanainn (Ionad Oiliúna)

Gleann Gad

Leifear

Baile na nGallóglach

Gaoth Dobhair (Ionad Oiliúna)

Coláiste na hEaragaile (PLC)

Coláiste Ghleann na Finne (PLC)

Gairmscoil Caitríona (PLC)

# Giorrúcháin agus Treoir maidir le Tagairtí

Tuismitheoir - Clúdaíonn sé sin Tuismitheoir nó Caomhnóir

Scoláire - Clúdaíonn sé sin Scoláire/Oiliúnaí/Foghlaimeoir

| | |
|---|---|
| ACCS | Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha |
| ASD | Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais |
| POF | Príomhfheidhmeannach |
| COW | *Computer Operated Wizard* |
| CDB | Bord Forbartha an Chontae |
| CL | Imlitir |
| CPD | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| CYPSC | Coiste Seirbhísí Leanaí & Daoine Óga |
| BTEI | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| ROS | An Roinn Oideachais & Scileanna |
| DCYA | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| DSP | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh |
| DMEP | Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall |
| ESF | Ciste Sóisialta na hEorpa |
| ETB | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| ETBI | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| FÁS | Foras Áiseanna Saothair |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| ISME | Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann |
| ITTC | Ionad Oiliúna Teicneolaíochta Faisnéise |
| JCSP | Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh |
| JMB | Comhchoiste na mBainisteoirí (Rúnaíocht na Meánscoileanna) |
| LYIT | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| NALA | An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| NAPD | Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha |

| | |
|---|---|
| NBSS | An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NEPS | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| NEWB | An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais |
| NFQ | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NGB | Coiste Náisiúnta Rialaithe |
| NQSF | An Creat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta |
| OETC | Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh |
| PLC | Iar-Ardteistiméireachta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SDPI | Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile |
| SLSS | An tSeirbhís Tacaíochta don Dara Leibhéal |
| SNA | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| SOLAS | An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna |
| OSPS | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| SSE | Féinmheastóireacht Scoile |
| TEL | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| TUI | Aontas Múinteoirí Éireann |
| TUSLA | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach |
| COBÁC | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |

Donegal ETB

@DonegalETB
#WeAreDonegalETB #IsMuidETBDhúnnanGall

Donegal ETB

Donegal ETB
www.linkedin.com/company/donegaletb

Cláir Chistí Eorpacha Struchtúrtha agus Infheistíochta na hÉireann 2014–2020
Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach

European Union
European Regional Development Fund
Investing in your future

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

**www.donegaletb.ie**

Administrative Offices, Ard O'Donnell, Letterkenny, Co. Donegal
Tel: 074 9161600 Email: info@donegaletb.ie